



An Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

2015/0270(COD)

4.3.2024

*****I**

DRÉACHT-TUARASCÁIL

maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 chun Scéim Eorpach Árachais Taiscí a bhunú
(COM(2015)0586 – C8-0371/2015 – 2015/0270(COD))

an Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

Rapóirtéir: Othmar Karas

Eochair do na siombailí a úsáidtear

- * An nós imeachta comhairliúcháin
- *** Nó imeachta an toilithe
- ***I An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
- ***II An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
- ***III An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le **cló trom iodálach** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le **cló trom iodálach** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le **cló trom iodálach** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le **cló trom iodálach**. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail **I** nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le **cló trom iodálach** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd. Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

ACHOIMRE

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA	5
--	---

DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 chun Scéim Eorpach Árachais Taiscí a bhunú
(COM(2015)0586 – C8-0371/2015 – 2015/0270(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2015)0586),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C8-0371/2015),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
 - ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,
 - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A9-0000/2024),
1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;
 2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;
 3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Leasú 1

LEASUITHE PHARLAIMINT NA hEORPA*

ar an togra ón gCoimisiún

2015/0270 (COD)

* Leasuithe: tá téacs nua nó téacs atá curtha in ionad téacs eile aibhsithe le cló trom iodálach; agus tá téacs seriosa léirithe leis an tsiombail **■**.

Togra le haghaidh
RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 chun Scéim Eorpach Árachais Taiscí a
bhunú

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,
Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,
Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,
Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,
Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach¹,
Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa²,
Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,
De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le blianta anuas tá dul chun cinn á dhéanamh ag an Aontas maidir le margadh inmheánach do sheirbhísí baincéireachta a chruthú. Tá sé bunriachtanach an margadh inmheánach do sheirbhísí baincéireachta a bheith comhtháite ar dhóigh níos fearr chun fás eacnamaíoch a chothú san Aontas, chun cobhsaíocht an chórais baincéireachta a chosaint agus chun taisceoirí a chosaint.
- (1) Ba é tátal na Comhairle Eorpaí an 18 Deireadh Fómhair 2012 ‘I bhfianaise na ndúshlán bunúsach atá roimpi, ní mór an tAontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta a neartú chun leas eacnamaíoch agus sóisialta, chomh maith le cobhsaíocht agus rathúnas marthanach, a áirithiú’ agus ‘ba cheart go dtógfadh an próiseas i dtreo aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta níos doimhne ar chreat institiúideach agus dlíthiúil an Aontais agus ba cheart a bheith ina bpríomhthréithe ann oscailteacht agus trédhearcacht i leith Ballstáit nach é an euro a n-airgeadra agus urraim do shláine an mhargaidh inmheánaigh’. Chun na críche sin, bunaíodh an tAontas Baincéireachta, agus mar bhonn agus mar thaca aige tá leabhar rialacha aonair atá cuimsitheach agus mionsonraithe le haghaidh seirbhísí airgeadais don mhargadh inmheánach ina iomláine. Ar phríomhthréithe an phróisis chun Aontas Baincéireachta a bhunú bhí oscailteacht agus trédhearcacht i leith na mBallstát neamh-rannpháirteach agus urraim do shláine an mhargaidh inmheánaigh.
- (2) Ina rún an 20 Samhain 2012 dar teideal ‘I dTreo fíor-Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta’, mhaígh Parlaimint na hEorpa freisin go raibh sé sár-riachtanach na lúbanna aisfhotha diúltacha idir stáit, bainc agus an fíorgheilleagar a bhriseadh ar mhaithe le dea-fheidhmiú an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, leag sí béim ar an ngéarghá le bearta breise agus forleithne chun Aontas Baincéireachta a bheadh iomlán feidhmiúil a réadú, agus chun dea-fheidhmiú leanúnach an mhargaidh inmheánaigh do sheirbhísí airgeadais agus saorghluaiseacht chaipitil a áirithiú ag an am céanna.
- (3) Tá bearta tábhachtacha déanta maidir le feidhmiú éifeachtúil an Aontais Baincéireachta a áirithiú, mar atá Sásra Aonair Maoirseachta (SMA) a bunaíodh le

¹ IO C , , lch. .

² IO C , , lch. .

Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle³ lena n-áirítear go gcuirtear chun feidhme ar bhealach comhleanúnach éifeachtach beartas an Aontais maidir le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa i mBallstáit an limistéir euro agus sna Ballstáit sin nach bhfuil sa limistéir euro a roghnaíonn páirt a ghlacadh sa Sásra Maoirseachta Aonair (na 'Ballstáit rannpháirteacha') agus an Sásra Réitigh Aonair (SRA) a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 lena n-áirítear gurb ann do chreat comhleanúnach le haghaidh bainc a réiteach atá ag cliseadh nó ar dóchúil go gclisfidh siad sna Ballstáit rannpháirteacha, ach mar sin féin is gá tuilleadh beart chun an tAontas Baincéireachta a chomhlánú.

- (4) I Meitheamh 2015, cuireadh in iúl i dTuarascáil na gCúig Uachtarán maidir le hAontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta na hEorpa a Chomhlánú nach féidir le córas baincéireachta aonair bheith ina chóras aonair i ndáiríre gan an mhuinín as sábháilteacht taiscí bainc a bheith mar an gcéanna beag beann ar an mBallstát ina n-oibríonn an banc. Teastaíonn maoirseacht aonair banc, réiteach aonair banc agus árachas aonair taiscí chuige sin. Dá bhrí sin, moladh i dTuarascáil na gCúig Uachtarán an tAontas Baincéireachta a chomhlánú trí Scéim Eorpach Árachais Taiscí (SEÁT) a bhunú, is é sin an tríú colún d'Aontas Baincéireachta lánfheidhme maille le maoirseacht agus réiteach banc. Ba cheart tosaíocht a thabhairt anois do bhearta praiticiúla ina thaobh sin, agus córas athárachais ar an leibhéal Eorpach le haghaidh na scéimeanna ráthaíochta taiscí náisiúnta a chur ar bun mar bheart tosaigh chun cur chuige lán-fhrithpháirtithe a cheapadh. Ba cheart scóip an chórais athárachais sin a bheith ar aon dul le scóip an tSásra Aonair Maoirseachta.
- (5) Léirigh an ghéarchéim a bhí ann le déanaí go bhféadfadh bagairt a bheith ann d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus go bhfuil ag méadú ar an riosca go dtiocfaidh ann d'illoinnt airgeadais. Dá gclisfeadh banc atá sách mór i gcomparáid leis an earnáil bhaincéireachta náisiúnta nó dá gclisfeadh cuid den earnáil bhaincéireachta náisiúnta i gcomhthráth, d'fhéadfadh sé go bhfágfaí scéimeanna ráthaíochta taiscí náisiúnta (SRTanna) i mbaol ó shuaitheadh mór áitiúil, d'ainneoin na sásraí cistiúcháin breise dá bhforáiltear i dTreoir 2014/49/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴. Is féidir leis an mbaol sin do SRTanna náisiúnta ó shuaitheadh mór áitiúil cur leis an aisfhotha díobhálach idir bainc agus a stát náisiúnta, rud a bhaineann an bonn ó aonchineálacht na cosanta le haghaidh taiscí agus a ghéaraíonn ar easpa muiníne na dtaisceoirí, agus is éagobhsaíocht margaidh a shliocht sin.
- (6) De cheal leibhéal aonchineálach cosanta do thaisceoirí, is féidir cúrsaí iomaíochta éirí saofa agus is féidir bacainn iarbhir a bheith ar an tsaoirse bunaíochta agus ar shaorsholáthar seirbhísí ag institiúidí creidmheasa laistigh den mhargadh inmheánach. Dá bhrí sin, tá scéim árachais taiscí chomhpháirteach bunriachtanach chun an margadh inmheánach do sheirbhísí airgeadais a chomhlánú.
- (7) Cé gur mór an feabhas a chuir Treoir 2014/49/AE ar chumas scéimeanna náisiúnta taisceoirí a chúiteamh, is gá socruithe níos éifeachtúla ar leibhéal an Aontais Baincéireachta maidir le ráthaíocht taiscí chun a áirithiú go bhfuil acmhainní airgeadais leordhóthanacha ann chun muinín na dtaisceoirí uile a dhaingniú agus chun

³ Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannais Eorpach maidir le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa (IO L 287, 29.10.2013, lch. 63).

⁴ Treoir 2014/49/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le scéimeanna ráthaíochta taiscí (IO L 173, 12.6.2014, lch. 149).

an chobhsaíocht airgeadais a chosaint ar an dóigh sin. Le SEÁT mhéadófaí athléimneacht an Aontais Baincéireachta faoi chomhair géarchéimeanna amach anseo tríd an riosca a roinnt ar bhonn níos forleithne agus chuirfí cosaint chomhionann ar fáil do thaisceoirí árachaithe, rud a thacódh le dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.

- (8) Ní státhabhair ná cabhair ón gCiste atá sna cistí a úsáideann scéimeanna ráthaíochta taiscí chun taisceoirí a aisíoc as taiscí cumhdaithe nach bhfuil ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 8 de Threoir 2014/49/AE maidir le scéimeanna ráthaíochta taiscí. I gcás ina n-úsáidfear na cistí sin chun institiúidí creidmheasa a athstruchtúru agus is státhabhair nó cabhair ón gCiste iad, ní mór dóibh Airteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh agus, faoi seach, Airteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵ a chomhlíonadh, rialachán ba cheart a leasú chuige sin.
- (9) D'ainneoin tuilleadh comhchuibhithe a bheith tugtha isteach le Treoir 2014/49/AE, tá roghanna agus lánroghanna áirithe fós ag SRTanna náisiúnta, maidir le heilimintí riachtanacha áirithe san áireamh amhail na spriocleibhéil, na tosca riosca atá le cur i bhfeidhm agus ranníocaíochtaí institiúidí creidmheasa á measúnú, tréimhsí aisíocaíochta nó úsáid cistí. Féadfaidh na difríochtaí sin idir rialacha náisiúnta bac a chur ar shaorsholáthar seirbhísí agus an iomaíocht a shaobhadh. In earnáil bhaincéireachta atá an-chomhtháite, is gá aonfhoirmeacht ó thaobh rialacha agus cur chuige de chun leibhéal stóinse cosanta a áirithiú ar bhonn leanúnach le haghaidh taisceoirí ar fud an Aontais agus cobhsaíocht airgeadais a chinntiú ar an dóigh sin.
- (10) Beidh sé bunriachtanach SEÁT a bhunú, agus cumhachtaí láraithe cinnteoireachta, faireacháin agus forfheidhmithe aige agus é faoi chúram an Bhoird Réitigh Aonair agus Árachais Taiscí ('an Bord'), chun an cuspóir a bhaint amach arb é atá ann creat ráthaíochta taiscí comhchuibhithe a chur ar bun. Feabhsófar cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na gceanglas ráthaíochta taiscí sna Ballstáit rannpháirteacha de thoradh é a bheith de chúram ar údarás lárnach dá shórt. Ar an dóigh sin, ba cheart d'oibriochtaí SEÁT, trí chreat a sholáthar chun rialacha maidir le socruithe ráthaíochta taiscí a bhunú agus a chur chun feidhme ina dhiaidh sin agus trí thacú leis an gcreat sin, an próiseas comhchuibhithe i réimse na seirbhísí airgeadais a éascú.
- (11) Thairis sin, cuid de rialacha níos ginearálta de chuid an Aontais Eorpaigh maidir le maoirseacht stuamachta agus téarnamh agus réiteach a chomhchuibhiú, ar gnéithe comhlántacha den mhargadh inmheánach do sheirbhísí baincéireachta iad, is ea SEÁT. Ní féidir le maoirseacht a bheith éifeachtach agus fiúntach gan scéim árachais taiscí iomchuí a chomhfhreagróidh d'fhorbairtí i réimse na maoirseachta. Dá bhrí sin, bunriachtanas is ea SEÁT i gcomhair próiseas comhchuibhithe níos ginearálta agus tá dlúthbhaint idir na cuspóirí atá aige agus creat an Aontais maidir le maoirseacht stuamachta agus téarnamh agus réiteach, nithe atá spleách ar a chéile ó thaobh a gcur i bhfeidhm láraithe de. Mar shampla, is gá comhordú iomchuí ar leibhéal na maoirseachta agus na ráthaíochta taiscí i gcásanna ina mbeidh sé beartaithe ag an mBanc Ceannais Eorpach údarú a tharraingt siar ó institiúid creidmheasa nó i gcás nach gcomhlíonfaidh institiúid creidmheasa an oibleagáid bheith ina ball de scéim

⁵ Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólaichtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO L 225, 30.7.2014, lch. 1).

ráthaíochta taiscí. Is gá a mhacasamhail de leibhéal ard comhtháthaithe idir na gníomhaíochtaí réitigh agus na cúraimí árachais taiscí a chuirtear ar an mBord.

- (12) Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo ach amháin i leith na mbanc arb é a maoirseoir baile an Banc Ceannais Eorpach nó an t-údarás inniúil náisiúnta sna Ballstáit arb é an euro a n-airgeadra nó sna Ballstáit nach é an euro a n-airgeadra atá tar éis dlúthchomhar a bhunú i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013. Tá raon feidhme an Rialacháin seo nasctha le raon feidhme Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013. Go deimhin, i bhfianaise an dlúthcheangail idir na cúraimí maoirseachta atá sannta don Sásra Aonair Maoirseachta agus gníomhaíochtaí ráthaíochta taiscí, tá tábhacht bhunúsach ag baint le córas láraithe maoirseachta a bhunú a fheidhmeoidh faoi Airteagal 127(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh sa phróiseas an ráthaíocht taiscí a chomhchuibhiú sna Ballstáit rannpháirteacha. De bhrí go bhfuil siad faoi réir mhaoirseacht an tSásra Aonair Maoirseachta tá airí sonrach ag na heintitis atá laistigh de raon feidhme Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 a fhágann go bhfuil siad i staid leithleach oibiachtúil shaintréitheach chun críche ráthaíochta taiscí. Is gá bearta a ghlacadh chun scéim árachais taiscí a bhunú do na Ballstáit uile a bheidh rannpháirteach sa Sásra Aonair Maoirseachta chun dea-fheidhmiú cobhsaí an mhargaidh inmheánaigh a éascú.
- (13) Chun comhthreomhaireacht leis an Sásra Aonair Maoirseachta agus leis an Sásra Réitigh Aonair a áirithiú, ba cheart feidhm a bheith ag SEÁT maidir leis na Ballstáit rannpháirteacha. Bainc atá bunaithe sna Ballstáit nach bhfuil rannpháirteach sa Sásra Aonair Maoirseachta, níor cheart iad a bheith faoi réir SEÁT. A fhad is lasmuigh den Sásra Aonair Maoirseachta a bheidh an mhaoirseacht a dhéantar i mBallstát, ba cheart an Ballstát sin a bheith freagrach fós as a áirithiú go bhfuil taisceoirí faoi chosaint ó na hiarmhairtí a leanfadh dócmhainneacht institiúide creidmheasa. Nuair a rachaidh Ballstáit isteach sa Sásra Aonair Maoirseachta, ba cheart iad a theacht faoi réir SEÁT go huathoibríoch. D'fhéadfadh SEÁT an margadh inmheánach ina iomláine a chuimsiú ar deireadh.
- (14) Chun cothrom iomaíochta a áirithiú laistigh den mhargadh inmheánach ina iomláine, tá an Rialachán seo comhsheasmhach le Treoir 2014/49/AE. Comhlánaíonn sé rialacha agus prionsabail na Treorach sin chun dea-fheidhmiú SEÁT a áirithiú agus chun a áirithiú go bhfuil cistiú cuí le fáil ag SEÁT. Dá bhrí sin, tá an dlí ábhartha maidir le ráthaíocht taiscí atá le cur i bhfeidhm laistigh de chreat SEÁT comhsheasmhach leis an dlí is infheidhme ag na SRTanna náisiúnta nó ag údaráis ainmnithe na mBallstát neamh-rannpháirteach, arna gcomhchuibhiú le Treoir 2014/49/AE.
- (15) I margaí airgeadais comhtháite, le haon tacaíocht airgeadais a thugtar chun taisceoirí a aisíoc feabhsaítear an chobhsaíocht airgeadais ní amháin sa Bhallstát rannpháirteach lena mbaineann ach i mBallstáit eile freisin, trí chosc a chur ar ghéarchéimeanna baincéireachta leathnú chuig Ballstáit neamh-rannpháirteacha. Níor cheart aon bhac a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh do sheirbhísí airgeadais de thoradh cúraimí árachais taiscí a bheith curtha ar an mBord. Dá bhrí sin, ba cheart don Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) a ról a choinneáil mar aon leis na cumhachtaí agus na cúraimí atá aige cheana: ba cheart dó forbairt a dhéanamh ar chur i bhfeidhm comhsheasmhach na reachtaíochta de chuid an Aontais is infheidhme maidir leis na Ballstáit uile, agus ba cheart dó tairbhe a dhéanamh do chur i bhfeidhm comhsheasmhach na reachtaíochta sin, agus ba cheart dó feabhas a chur ar chóineasú na gcleachtas ráthaíochta taiscí ar fud an Aontais ina iomláine.

- (16) Ba cheart SEÁT a fhorbairt de réir a chéile ó scéim athárachais go scéim comhárachais lán-fhrithpháirtithe thar roinnt blianta. I gcomhthéacs na n-iarachtaí chun an tAontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta a dhéanamh níos doimhne, maille leis an obair ar shocrúithe maoiniúcháin idirlinne a bhunú le haghaidh an Chiste Réitigh Aonair agus ar thacaíocht fhioscach chomhchoiteann, is gá an fhorbairt sin chun na naisc idir bainc agus an stát i mBallstáit ar leith a laghdú trí bhíthin bearta chun an riosca a roinnt idir na Ballstáit uile san Aontas Baincéireachta, agus ar an dóigh sin an tAontas Baincéireachta a neartú chun an príomhchuspóir atá aige a bhaint amach. An roinnt riosca atá i gceist le bearta chun an tAontas Baincéireachta a neartú áfach, ní mór é a dhéanamh i gcomhthráth le bearta laghdaithe riosca atá ceaptha an nasc idir bainc agus an stát a bhriseadh ar bhealach níos díri.
- (17) Ba cheart SEÁT a bhunú i dtrí chinn de chéimeanna seicheamhacha, scéim athárachais i dtosach a chumhdóidh sciar d'easnamh leachtachta agus de chaillteanais bhreise na SRTanna rannpháirteacha, ansin scéim comhárachais a chumhdóidh sciar a mhéadófar de réir a chéile d'easnamh leachtachta agus de chaillteanais bhreise na SRTanna rannpháirteacha, agus as a deireadh sin scéim lánárachais a chumhdóidh riachtanais leachtachta uile agus caillteanais uile na scéimeanna ráthaíochta taiscí rannpháirteacha.
- (18) Le linn chéim an athárachais, chun teorainn a chur le dliteanas an Chiste Eorpaigh Árachais Taiscí ('an Ciste Árachais Taiscí') agus chun an riosca de bhaol morálta a laghdú ar an leibhéal náisiúnta, ní féidir cúnamh ón gCiste Árachais Taiscí a iarraidh ach amháin má tá ranníocaíochtaí ex-ante cruinnithe ag an SRT náisiúnta i gcomhréir le conair bheacht cistiúcháin, agus má ídíonn sé na cistí sin i dtosach. Sa mhéid go bhfuil cistí bailithe ag SRT náisiúnta, áfach, ar mó iad ná a gceanglaítear de réir na conaire cistiúcháin, ní gá dó a ídiú ach na cistí a bhí air a bhailiú chun an chonair chistiúcháin a chomhlíonadh sular féidir leis cumhdach SEÁT a fháil. Dá bhrí sin, níor cheart SRTanna a bhfuil níos mó cistí bailithe acu ná mar a bhfuil gá leo chun an chonair chistiúcháin a chomhlíonadh, níor cheart iad a bheith thíos leis sin i dtaca leis na SRTanna a bhfuil cistí bailithe acu nach sáraíonn na leibhéil atá leagtha amach sa chonair chistiúcháin.
- (19) Ós rud é, le linn chéim an athárachais, nach ndéanfaidh an Ciste Árachais Taiscí ach foinse bhreise cistiúcháin a sholáthar agus an nasc idir bainc agus a stát náisiúnta a lagú, ach gan a áirithiú go bhfuil leibhéal comhionann cosanta ag gach taisceoir san Aontas Baincéireachta, ba cheart céim an athárachais, tar éis trí bliana, a fhorbairt de réir a chéile ina scéim comhárachais agus as a deireadh sin ina scéim árachais taiscí lán-fhrithpháirtithe.
- (20) Cé go mbeadh a lán gnéithe coiteanna ag céim an athárachais agus céim an chomhárachais, rud a áiríteodh forbairt rianúil céim ar chéim, roinnfí na híocaíochtaí amach a dhéanfaí le linn chéim an chomhárachais idir SRTanna náisiúnta agus an Ciste Árachais Taiscí ón gcéad euro caillteanais. Mhéadófaí an ranníocaíocht choibhneasta ón gCiste Árachais Taiscí go 100 % de réir a chéile, agus dá thoradh sin bheadh an riosca taisceoirí lán-fhrithpháirtithe ar fud an Aontais Baincéireachta tar éis ceithre bliana.
- (21) Ba cheart coimircí a chur isteach in SEÁT chun an riosca de bhaol morálta a theorannú agus chun a áirithiú nach soláthrófar cumhdach SEÁT ach i gcásanna ina ngníomhóidh SRTanna go stuama. Ar an gcéad dul síos, ba cheart do SRTanna náisiúnta a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo, faoi Threoir 2014/49/AE agus faoi dhlíthe ábhartha

eile an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh, go háirithe a n-oibleagáid a gcistí a mhéadú i gcomhréir le hAirteagal 10 de Threoir 2014/49/AE mar atá sonraithe tuilleadh sa Rialachán seo. Chun tairbhe a bhaint as cumhdach SEÁT, caithfidh SRTanna rannpháirteacha ranníocaíochtaí ex-ante a chruinniú i gcomhréir le conair bheacht cistiúcháin. Ina theannta sin, tá sé le tuiscint uaidh sin nach mbeidh an deis le fáil a thuilleadh an spriocleibhéal a laghdú i gcomhréir le hAirteagal 10(6) de Threoir 2014/49/AE más mian leis an SRT tairbhe a bhaint as SEÁT. Ar an dara dul síos, i gcás teagmhas íocaíochta amach nó i gcás ina n-úsáidfear a chuid cistí le linn réitigh, ba cheart do SRT náisiúnta sciar cóir den chaillteanas a iompar. Dá bhrí sin, ba cheart a cheangal air ranníocaíochtaí ex-post a bhailiú óna chomhaltaí chun a chiste a athshlánú agus chun SEÁT a aisíoc a mhéid a sháraigh an cistiú a fuarthas i dtosach an sciar den chaillteanas atá le hiompar ag SEÁT. Ar an tríú dul síos, i ndiaidh teagmhas íocaíochta amach, ba cheart don SRT náisiúnta na fáлтаis ón eastát dócmhainneachta a uasmhéadú agus an Bord a aisíoc agus ba cheart cumhachtaí leordhóthanacha a bheith ag an mBord chun a chearta a chosaint. Ar an gceathrú dul síos, ba cheart na cumhachtaí a bheith ag an mBord chun an cistiú ar fad nó cuid de a ghnóthú i gcás nach gcomhlíonfaidh SRT rannpháirteach a oibleagáidí príomha.

- (22) Bunriachtanas is ea an Ciste Árachais Taiscí nach bhféadfaí SEÁT a bhunú de réir a chéile dá uireasa. Ní chuirfeadh córais cistiúcháin náisiúnta éagsúla árachas taiscí aonchineálach ar fáil ar fud an Aontais Baintéireachta. Feadh na dtrí chéim, ba cheart an Ciste Árachais Taiscí a bheith ina chuidiú chun ról cobhsaitheach na SRTanna a áirithiú, chun ardleibhéal aonfhoirmeach cosanta i gcomhair na dtaisceoirí uile laistigh de chreat comhchuibhithe ar fud an Aontais a áirithiú agus chun a sheachaint go gcuirfí bacainní ar fheidhmiú saoirsí bunúsacha nó go saobhfaí iomaíocht sa mhargadh inmheánach de thoradh leibhéil éagsúla cosanta a bheith ann ar an leibhéal náisiúnta.
- (23) Is le ranníocaíochtaí díreacha ó bhainc ba cheart an Ciste Árachais Taiscí a mhaoiniú. Níor cheart freagrachtaí fíoscacha na mBallstát a shárú de thoradh cinntí a ghlacfaí laistigh de SEÁT lena n-éileofaí an Ciste Árachais Taiscí nó scéim ráthaíochta taiscí náisiúnta a úsáid. Maidir leis sin, is tacaíocht airgeadais phoiblí urghnách, agus í sin amháin, ba cheart a mheas ina sárú ar cheannasacht bhuiséadach agus ar fhreagrachtaí fíoscacha na mBallstát.
- (24) Leis an Rialachán seo leagtar síos na rialacha mionsonraithe le haghaidh an Ciste Árachais Taiscí a úsáid agus na critéir ghinearálta chun socrú agus ríomh ranníocaíochtaí ex-ante agus ex-post a chinneadh agus leagtar síos na cumhachtaí a bheidh ag an mBord chun an Ciste Árachais Taiscí a úsáid agus a bhainistiú.
- (25) Is go díreach ar na bainc a ghearrfaí na ranníocaíochtaí lena maoiníofaí an Ciste Árachais Taiscí. Bhaileodh an Bord na ranníocaíochtaí sin agus riarfadh sé an Ciste Árachais Taiscí, ach leanfadh na SRTanna náisiúnta de ranníocaíochtaí náisiúnta a bhailiú agus cistí náisiúnta a riar. Chun a áirithiú gur cothrom agus comhchuibhithe ranníocaíochtaí na mbanc rannpháirteach agus chun dreasachtaí a thabhairt le go mbeifí ag feidhmiú de réir múnla ar lú an riosca a bhaineann leis, ba cheart na ranníocaíochtaí le SEÁT agus na ranníocaíochtaí leis na SRTanna náisiúnta araon a ríomh ar bhonn taiscí cumhdaithe agus ar bhonn toisc coigeartaithe riosca in aghaidh an bhainc. Le linn chéim an athárachais, is é an méid riosca arna ghlacadh ag banc i gcomparáid leis na bainc ar fad eile atá cleamhnaithe leis an SRT rannpháirteach céanna ba cheart a chur san áireamh sa toisc coigeartaithe riosca. Nuair a bhaintear céim an chomhárachais amach, is é an leibhéal riosca arna ghlacadh ag banc i

gcomparáid leis na bainc ar fad eile atá bunaithe sna Ballstáit rannpháirteacha ba cheart a chur san áireamh sa toisc coigeartaithe riosca. Ar an dóigh sin, d'áiríteofaí go mbeadh SEÁT, ar an iomlán, neodrach ó thaobh costais de i gcomhair na mbanc agus na SRTanna náisiúnta agus sheachnófaí athdháileadh ranníocaíochtaí le linn chéim an mhéadaithe den Chiste Árachais Taiscí.

- (26) I bprionsabal, ba cheart ranníocaíochtaí a bhailiú ón tionscal roimh aon ghníomhaíocht árachais taiscí agus go neamhspleách ar aon ghníomhaíocht árachais taiscí. Nuair nach leor an réamhchistiú chun na caillteanais ná na costais arna dtabhú le húsáid an Chiste Árachais Taiscí a chumhdach, ba cheart ranníocaíochtaí breise a bhailiú chun an costas nó an caillteanas breise a iompar. Thairis sin, ba cheart an Ciste Árachais Taiscí a bheith in ann iasachtaíochtaí nó cineálacha eile tacaíochta a chonrú ó institiúidí creidmheasa, ó institiúidí airgeadais nó ó thríú páirtithe eile i gcás nach mbeidh rochtain láithreach ar na ranníocaíochtaí ex-ante nó ex-post nó nach gcumhdófar leo na speanais arna dtabhú le húsáid an Chiste Árachais Taiscí i ndáil le gníomhaíochtaí árachais taiscí.
- (27) Chun mais chriticiúil a bhaint amach agus chun éifeachtaí comhthimthriallacha a sheachaint a tharlódh dá mbeadh ar an gCiste Árachais Taiscí a bheith ag brath ar ranníocaíochtaí ex-post amháin le linn géarchéim shistéamach, ní foláir na hacmhainní airgeadais de chuid an Chiste Árachais Taiscí atá ar fáil ex-ante a bheith ar a laghad ar spriocleibhéal íosta áirithe.
- (28) Ba cheart spriocleibhéal tosaigh agus deiridh an Chiste Árachais Taiscí a leagan síos mar chéatadán d'iomlán na spriocleibhéal íosta atá ag na SRTanna rannpháirteacha. Ba cheart dó dul de réir a chéile go 20 % de cheithre naoú d'iomlán na spriocleibhéal íosta faoi dheireadh chéim an athárachais agus go suim na spriocleibhéal íosta uile faoi dheireadh chéim an chomhárachais. An deis iarratas a dhéanamh ar fhormheas maidir le spriocleibhéal níos ísle a údarú i gcomhréir le hAirteagal 10(6) de Threoir 2014/49/AE, níor cheart í a chur san áireamh nuair a shocrófar spriocleibhéil tosaigh nó deiridh an Chiste Árachais Taiscí. Ba cheart tréimhse iomchuí a shocrú chun spriocleibhéal an Chiste Árachais Taiscí a bhaint amach.
- (29) Tá sé rithábhachtach maoiniú éifeachtach agus leordhóthanach a áirithiú le haghaidh an Chiste Árachais Taiscí ar mhaithe le creidiúnacht SEÁT. Ba cheart feabhas a chur ar chumas an Bhoird foinsí malartacha cistiúcháin don Chiste Árachais Taiscí a chonrú ar shlí a dhéanfaidh an costas cistiúcháin a bharrfheabhsú agus a chaomhnóidh acmhainneacht creidmheasa an Chiste Árachais Taiscí. Díreach tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, ba cheart don Bhord na bearta is gá a dhéanamh i gcomhar leis na Ballstáit rannpháirteacha chun na modhanna agus na rialacha mionsonraithe iomchuí a fhorbairt le gur féidir feabhas a chur ar an gcumas iasachtaíochta ba cheart a bheith ag an gCiste Árachais Taiscí faoi dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.
- (30) Is gá a áirithiú go mbeidh an Ciste Árachais Taiscí ar fáil ina iomláine chun na críche ráthú taiscí a áirithiú. Dá bhrí sin, ba cheart an Ciste Árachais Taiscí a úsáid go príomha chun ceanglais agus gníomhaíochtaí ráthaíochta taiscí a chur chun feidhme ar bhealach éifeachtúil. Ina theannta sin, níor cheart é a úsáid ach i gcomhréir leis na cuspóirí agus na prionsabail ráthaíochta taiscí is infheidhme. Ar choinníollacha áirithe, d'fhéadfaí cistiú a chur ar fáil ón gCiste Árachais Taiscí i gcás ina n-úsáidfí na hacmhainní airgeadais atá ar fáil do SRT le linn réitigh i gcomhréir le hAirteagal 79 den Rialachán seo.

- (31) Chun luach na méideanna atá sa Chiste Árachais Taiscí a chosaint, ba cheart na méideanna sin a infheistiú i sócmhainní atá sábháilte a ndóthain, éagsúlaithe agus leachtach.
- (32) I gcás ina bhfoirceannfar dlúthchomhar idir an Banc Ceannais Eorpach agus Ballstát rannpháirteach nach bhfuil an euro mar airgeadra aige i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013, ba cheart deighilt chóir na ranníocaíochtaí carnacha ón mBallstát rannpháirteach sin a chinneadh agus leasanna an Bhallstáit rannpháirtigh lena mbaineann agus an Chiste Árachais Taiscí á gcur san áireamh.
- (33) Chun a uathriail agus a neamhspleáchas a ráthú ina n-iomláine le linn dó gníomhaíochtaí árachais taiscí a dhéanamh faoin Rialachán seo, ba cheart buiséad uathrialach a bheith ag an mBord agus ioncam ó ranníocaíochtaí éigeantacha ó na hinstiúidí sna Ballstáit rannpháirteacha a bheith sa bhuiséad sin. Ba cheart an Rialachán seo a bheith gan dochar do chumas na mBallstát táilli a thobhach chun costais riaracháin a SRTanna náisiúnta nó a n-údarás ainmnithe náisiúnta a chumhdach.
- (34) Ba cheart don Bhord, i gcás ina gcomhlíonfar na critéir uile a bhaineann le húsáid an Chiste Árachais Taiscí, an cistiú ábhartha agus an cumhdach caillteanais ábhartha a chur ar fáil don SRT náisiúnta.
- (35) Ba cheart don Bhord feidhmiú i seisiúin iomlánacha chomhpháirteacha, seisiúin iomlánacha agus seisiúin feidhmiúcháin. Ba cheart don Bhord, ina sheisiún feidhmiúcháin, na cinntí go léir a bhaineann le nósanna imeachta íocaíochta amach a ullmhú agus, a mhéid is mó is féidir, na cinntí sin a ghlacadh. Maidir le húsáid an Chiste Árachais Taiscí, tá sé tábhachtach nach mbeidh aon bhuntáiste ceannródaí ann agus go ndéanfar faireachán ar eis-sreabhadh an Chiste Árachais Taiscí. A luaithe a shroichfidh glanúsáid charntha an Chiste Árachais Taiscí sa 12 mhí roimhe sin as a chéile an tairseach 25 % den spriocleibhéal deiridh, ba cheart don seisiún iomlánach measúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na ngníomhaíochtaí árachais taiscí nó ar an rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí réitigh agus ar úsáid an Chiste Árachais Taiscí, agus ba cheart dó Treoir a chur ar fáil ar cheart don seisiún feidhmiúcháin í a leanúint i gcinntí ina dhiaidh sin. Ba cheart an Treoir don seisiún feidhmiúcháin bheith dírithe, go háirithe, ar a áirithiú gur go neamh-idirdhealaitheach a chuirfear gníomhaíochtaí árachais taiscí i bhfeidhm nó a ghlacfar páirt i ngníomhaíochtaí réitigh, agus ar bhearta atá le déanamh chun ídiú an Chiste Árachais Taiscí a sheachaint.
- (36) Ba cheart éifeachtacht agus aonfhoirmeacht gníomhaíochtaí árachais taiscí a áirithiú sna Ballstáit rannpháirteacha uile. Chun na críche sin, i gcás nach gcuirfidh SRT rannpháirteach Cinneadh de chuid an Bhoird i bhfeidhm nó i gcás nach gcomhlíonfaidh sé Cinneadh den sórt sin nó i gcás ina gcuirfidh sé i bhfeidhm é ar bhealach is baol d'aon chuspóir de chuid na scéime árachais taiscí nó do chur chun feidhme éifeachtúil na ngníomhaíochtaí árachais taiscí, ba cheart a chumhachtú don Bhord aon ghníomhaíocht is gá a ordú a thabharfaidh aghaidh ar dhóigh fhiúntach ar an ábhar inní nó ar an mbaol a bhaineann le cuspóirí SEÁT. Aon ghníomhaíocht de chuid SRT rannpháirtigh a chuirfeadh srian ar fheidhmiú chumhachtaí nó fheidhmeanna an Bhoird nó a dhéanfaidh difear dó sin, ba cheart iad a eisiamh.
- (37) Ina theannta sin, tráth a dhéanfar cinntí nó gníomhaíochtaí, go háirithe maidir le heintitis atá bunaithe i mBallstáit rannpháirteacha agus i mBallstáit neamh-rannpháirteacha araon, ba cheart na héifeachtaí díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ann i gcás na mBallstát sin, amhail baol do chobhsaíocht airgeadais a margai airgeadais,

agus na héifeachtaí díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ann i gcás na n-eintiteas atá bunaithe sna Ballstáit sin, a chur san áireamh.

- (38) Ba cheart don Bhord, do na húdaráis ainmnithe, do na húdaráis inniúla, lena n-áirítear an Banc Ceannais Eorpach, agus do na húdaráis réitigh, ba cheart dóibh, más gá, meabhrán tuisceana a thabhairt i gcrích ina mbeidh tuairisc i dtéarmaí ginearálta ar an gcaoi a ndéanfaidh siad comhar le chéile agus a gcúraimí ar leith faoi dhlí an Aontais á gcomhlíonadh acu. Ba cheart an meabhrán a athbhreithniú go tráthrialta.
- (39) Ba cheart do na heintitis, na comhlachtaí agus na húdaráis ábhartha a bheidh bainteach le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo comhar a dhéanamh le chéile i gcomhréir le dualgas an chomhair dhílis atá cumhdaithe sna Conarthaí.
- (40) Ina theannta sin, ba cheart don Bhord agus d'údaráis ainmnithe agus údaráis inniúla na mBallstát neamh-rannpháirteach meabhráin tuisceana a thabhairt i gcrích ina mbeidh tuairisc i dtéarmaí ginearálta ar an gcaoi a ndéanfaidh siad comhar le chéile agus a gcúraimí faoi Threoir 2014/49/AE á gcomhlíonadh acu. D'fhéadfadh na meabhráin tuisceana, inter alia, soiléiriú a dhéanamh ar an gcomhairliúchán i ndáil leis na cinntí de chuid an Bhoird a dhéanadh difear do bhraintí atá lonnaithe sna Ballstáit neamh-rannpháirteacha, i gcás ina mbeadh an institiúid creidmheasa bunaithe i mBallstát rannpháirteach. Ba cheart na meabhráin a athbhreithniú go tráthrialta.
- (41) Leis an nós imeachta a bhaineann le cinntí an Bhoird a ghlacadh urramaítear prionsabal tharmligean na gcumhachtaí chuig gníomhaireachtaí arna léirmhíniú ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.
- (42) Leis an Rialachán seo urramaítear na cearta bunúsacha agus cloítear leis na cearta, na saoirsí agus na prionsabail atá aitheanta go háirithe sa Chairt, agus go háirithe an ceart chun maoiné, cosaint sonraí pearsanta, an tsaoirse fiontraíochta, an ceart chun leigheas éifeachtach agus triail chóir a fháil, agus an ceart chun cosanta, agus ba cheart é a chur chun feidhme i gcomhréir leis na cearta agus na prionsabail sin.
- (43) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon creat ráthaíochta taiscí níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí a chur ar bun agus a áirithiú go gcuirfear rialacha ráthaíochta taiscí i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach, a ghnóthú go leordhóthanach ach gur féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.
- (44) Ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo chun a thionchar ar an margadh inmheánach a mheasúnú agus chun a chinneadh an bhfuil gá le haon mhodhnuithe nó forbairtí breise chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus ar éifeachtacht SEÁT.
- (45) Chun go bhfeidhmeoidh SEÁT go héifeachtach ón [...], ba cheart feidhm a bheith ag na forálacha maidir le ranníocaíochtaí a íoc leis an gCiste Árachais Taiscí, na nósanna imeachta ábhartha uile a bhunú agus aon ghnéithe oibríochtúla agus institiúideacha eile ón XX.
- (46) Ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 a leasú chun bunú SEÁT a ionchorprú agus a chur san áireamh faoi seach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 806/2014

Leasaítear Rialachán (AE) 806/2014 mar seo a leanas:

1. cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:
'RIALACHÁN (AE) Uimh. 806/2014 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE an 15 Iúil 2014 maidir le Sásra Réitigh Aonair agus Scéim Árachais Taiscí agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010';
2. cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'Airteagal 1

Ábhar

1. Bunaítear leis an Rialachán seo rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach chun na heintitis dá dtagraítear in Airteagal 2 a réiteach, arb eintitis iad atá bunaithe sna Ballstáit rannpháirteacha dá dtagraítear in Airteagal 4.

Déanfaidh an Bord Réitigh Aonair, arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 42 (an 'Bord') na rialacha aonfhoirmeacha sin agus an nós imeachta aonfhoirmeach sin a chur i bhfeidhm i gcomhar leis an gComhairle agus leis an gCoimisiún agus leis na húdaráis réitigh náisiúnta faoi chuimsiú an tSásra Réitigh Aonair ('SRA') arna bhunú leis an Rialachán seo. Tacóidh an Ciste Réitigh Aonair ('CRA') le SRA.

Beidh úsáid CRA ag brath ar chomhaontú a theacht i bhfeidhm i measc na mBallstát rannpháirteach ('an Comhaontú') maidir le haistriú na gcistí a chruinnítear ar an leibhéal náisiúnta i leith CRA chomh maith le cumasc leanúnach na gcistí éagsúla a chruinnítear ar an leibhéal náisiúnta, ar cistí iad a bheidh le leithdháileadh ar urranna náisiúnta an Chiste.

2. Thairis sin, bunaítear leis an Rialachán seo ***céim 1 de*** Scéim Eorpach Árachais Taiscí ('SEÁT I') :

– ***feidhmiú mar scéim leachtachta*** trína gcuirtear ***iasachtaí*** ar fáil do scéimeanna ráthaíochta taiscí i gcomhréir le hAirteagal 41a, ***agus é mar aidhm dul chun cinn a dhéanamh chuig scéim árachais iomlán lena ngabhfaidh cumhdach caillteanais ag céim níos déanaí, tar éis togra nua ón gCoimisiún;***

Is é an Bord a riarfaidh ***SEÁT I*** i gcomhar leis na SRTanna rannpháirteacha agus le húdaráis ainmnithe i gcomhréir le Cuid IIa.

Tacóidh an Ciste Árachais Taiscí ('CÁT') le ***SEÁT 1 agus, nuair is gá, trí iasachtaí breise ó na SRTanna rannpháirteacha i gcomhréir le Caibidil 4 - iasachtú sainordaitheach.***

3. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

'Airteagal 2

Raon feidhme

1. Chun críche SRA, beidh feidhm ag an Rialachán maidir leis na heintitis seo a leanas:

- (a) institiúidí creidmheasa atá bunaithe i mBallstát rannpháirteach, ***cé is moite d'institiúidí ar comhaltaí iad de scéimeanna cosanta institiúideacha dá dtagraítear in Airteagal 113(7) de Rialachán Uimh. 575/2013 de CRR***;
- (b) máthairghnóthais, lena n-áirítear cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais agus cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha, atá bunaithe i mBallstát rannpháirteach, i gcás ina mbeidh siad faoi réir maoirseacht chomhdhlúite arna déanamh ag BCE i gcomhréir le hAirteagal 4(1)(g) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013;
- (c) gnólachtaí infheistíochta agus institiúidí airgeadais atá bunaithe i mBallstát rannpháirteach i gcás ina mbeidh siad cumhdaithe ag maoirseacht chomhdhlúite an mháthairghnóthais arna déanamh ag BCE i gcomhréir le hAirteagal 4(1)(g) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013.

2. Chun críche ***SEÁT 1***, beidh feidhm ag an Rialachán maidir leis na heintitis seo a leanas:

- (a) scéimeanna ráthaíochta taiscí rannpháirteacha mar atá sainmhínithe i bpointe (1) d'Airteagal 3(1a), ***cé is moite de scéimeanna cosanta institiúideacha dá dtagraítear in Airteagal 113(7) de Rialachán Uimh. 575/2013 de CRR***;
- (b) institiúidí creidmheasa atá cleamhnaithe le scéimeanna ráthaíochta taiscí rannpháirteacha ***cé is moite de bhraintí d'institiúidí creidmheasa a bhfuil a gceannoifig lasmuigh den Aontas***.

I gcás ina geruthófar leis an Rialachán seo cearta nó oibleagáidí le haghaidh SRT rannpháirteach a riarann údarás ainmnithe mar atá sainmhínithe i bpointe (18) d'Airteagal 2(1) de Threoir 2014/49/AE, measfar gur leis an údarás ainmnithe na cearta nó na hoibleagáidí sin.';

4. leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

- (a) cuirtear na pointí (55), (56) agus (57) seo a leanas le mír 1:

- "(55) ciallaíonn 'scéimeanna ráthaíochta taiscí rannpháirteacha' nó 'SRTanna rannpháirteacha' scéimeanna ráthaíochta taiscí mar atá sainmhínithe i bpointe (1) d'Airteagal 2(1) de Threoir 2014/49/AE a thugtar isteach agus a aithnítear go hoifigiúil i mBallstát rannpháirteach;
- (56) ciallaíonn 'teagmhas íocaíochta amach' taiscí gan a bheith ar fáil, mar atá sainmhínithe i bpointe (8) d'Airteagal 2(1) de Threoir 2014/49/AE i ndáil le hinstitiúid creidmheasa atá cleamhnaithe le SRT rannpháirteach;
- (57) ciallaíonn 'acmhainní airgeadais atá ar fáil faoi CÁT' an t-airgead tirim, na taiscí agus na sócmhainní íseal-riosca is féidir a leachtú laistigh de thréimhse nach faide ná an tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 8(1) de Threoir 2014/49/AE.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. In éagmais sainmhíniú ábhartha sna míreanna thuas, tá feidhm ag na sainmhínithe atá leagtha amach in Airteagal 2 de Threoir 2014/49/AE agus in Airteagal 2 de Threoir 2014/59/AE.

In éagmais sainmhíniú ábhartha in Airteagal 2 de Threoir 2014/49/AE ná in Airteagal 2 de Threoir 2014/59/AE, tá feidhm ag na sainmhínithe atá leagtha amach in Airteagal 3 de Threoir 2013/36/AE.’

5. in Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2, mhír 3 agus mhír 4:

"2. I gcás ina ndéanfar an dlúthchomhar idir Ballstát agus BCE a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013, scoirfidh na heintitis dá dtagraítear in Airteagal 2 den Rialachán seo agus atá bunaithe nó aitheanta sa Bhallstát sin, scoirfidh siad de bheith cumhdaithe ag an Rialachán seo ón dáta a chuirfear i bhfeidhm an Cinneadh chun an dlúthchomhar a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh.

3. I gcás ina bhfoirceannfar an dlúthchomhar idir BCE agus Ballstát nach é an euro a airgeadra i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013, cinnfidh an Bord, laistigh de thrí mhí ón dáta a ghlacfar an Cinneadh an dlúthchomhar a fhoirceannadh, i gcomhaontú leis an mBallstát sin, na rialacha mionsonraithe agus aon choinníollacha is infheidhme maidir le:

- (a) ranníocaíochtaí atá aistrithe ag an mBallstát lena mbaineann chuig CRA a aisghabháil;
- (b) **na haistrithe a d'íoc** SRTanna atá aitheanta go hoifigiúil sa Bhallstát lena mbaineann **isteach in CÁT** .

Chun críocha phointe (a) den chéad fhomhír, áireofar ar aisghabhálacha an chuid sin den urrann atá comhfhreagrach don Bhallstát lena mbaineann nach bhfuil faoi réir frithpháirtíú. Más rud é, le linn na hidirthréimhse, mar atá leagtha síos sa Chomhaontú, nach leor aisghabhálacha na coda nach bhfuil frithpháirtithe chun gur féidir leis an mBallstát lena mbaineann bunú a shocráithe náisiúnta airgeadais a chistiú i gcomhréir le Treoir 2014/59/AE, áireofar ar aisghabhálacha freisin an t-iomlán den chuid sin den urrann nó cuid den chuid sin den urrann atá comhfhreagrach don Bhallstát sin atá faoi réir frithpháirtíú i gcomhréir leis an gComhaontú nó seachas sin, tar éis na hidirthréimhse, iomlán na ranníocaíochtaí arna n-aistriú ag an mBallstát lena mbaineann le linn an dlúthchomhair, nó cuid de na ranníocaíochtaí sin, i méid ar leor é chun gur féidir an socrú náisiúnta airgeadais sin a chistiú.

Nuair atá measúnú á dhéanamh ar an méid acmhainní airgeadais atá le haisghabháil ón gcuid fhrithpháirtithe den Chiste nó ó chuid eile de i ndiaidh na hidirthréimhse, cuirfear na critéir bhreise seo a leanas san áireamh:

- (a) an bealach ar tharla gur fhoirceannadh an dlúthchomhar le BCE, cibé acu a rinneadh é go deonach i gcomhréir le hAirteagal 7(6) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013, nó nach ndearnadh;
- (b) gníomhaíochtaí réitigh a bheith ar siúl i gcónaí ar dháta an fhoirceanta;
- (c) timthriall eacnamaíoch an Bhallstáit a mbaineann an fhoirceannadh leis.

Déanfar aisghabhálacha a dháileadh le linn tréimhse theoranta a bheidh comhréireach le ré an dlúthchomhair. Déanfar sciar an Bhallstáit ábhartha de na hacmhainní airgeadais

a tháinig ó CRA agus a úsáideadh le haghaidh gníomhaíochtaí réitigh le linn thréimhse an dlúthchomhair, déanfar é a bhaint as na haisghabhálacha sin.

Chun críocha phointe (b) den chéad fhomhír, beidh an méid a aistrefar chuig gach SRT atá aitheanta go hoifigiúil sa Bhallstát lena mbaineann ionann leis na hacmhainní airgeadais atá ar fáil faoi CÁT méadaithe faoin gcóimheas (a) le (b):

- (a) méid **na n-aistrithe** uile arna n-íoc le CÁT ag ■ an SRT rannpháirteach;
- (b) méid **na n-aistrithe** uile arna n-íoc le CÁT.

Ní bheidh an méid a aistrefar níos mó ná an méid is gá le go mbeidh na hacmhainní airgeadais atá ar fáil don SRT **rannpháirteach** lena mbaineann ag dhá thrian dá spriocleibhéal mar atá sainmhínithe sa chéad fhomhír d'Airteagal 10(2) de Threoir 2014/49/AE.

4. Leanfaidh an Rialachán seo d'fheidhm a bheith aige maidir le himeachtaí réitigh agus árachais taiscí atá ar siúl ar an dáta a chuirfear cinneadh i bhfeidhm, dá dtagraítear i mír 2.;

- 6. in Airteagal 5(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘Déanfaidh an Bord, an Chomhairle agus an Coimisiún agus, i gcás inarb ábhartha, na húdaráis réitigh náisiúnta agus **na SRTanna** rannpháirteacha, cinntí atá faoi réir dhlí ábhartha an Aontais agus i gcomhréir leis, agus go háirithe aon ghníomhartha reachtacha agus neamhreachtacha, lena n-áirítear iad sin dá dtagraítear in Airteagal 290 agus in Airteagal 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.’;

- 7. Leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1 agus mír 2:

"1. Ní dhéanfaidh aon ghníomhaíocht, togra nó beartas de chuid an Bhoird, de chuid na Comhairle, de chuid an Choimisiúin, de chuid údarais réitigh náisiúnta nó de chuid SRT rannpháirtigh idirdhealú i gcoinne eintitis, sealbhóirí taiscí, infheisteoirí ná creidiúnaithe eile atá bunaithe san Aontas ar bhonn a náisiúntachta nó a n-áite gnó.

2. Gach gníomh, togra nó beartas de chuid an Bhoird, de chuid na Comhairle, de chuid an Choimisiúin, de chuid údarais réitigh náisiúnta nó de chuid SRT rannpháirtigh a dhéanfar faoi chuimsiú SRA nó **SEÁT I**, is le lánaird agus le dualgas cúraim maidir le haontacht agus sláine an mhargaidh inmheánaigh a dhéanfar é.’;

- (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

"7. I gcás ina ndéanfaidh an Bord Cinneadh atá dírithe ar údarás réitigh náisiúnta nó ar SRT rannpháirteach, beidh sé de cheart ag an údarás réitigh náisiúnta nó ag an SRT rannpháirteach na bearta atá le glacadh a shonrú tuilleadh. Beidh sonrú den sórt sin ag teacht leis an gCinneadh de chuid an Bhoird i dtrácht.’;

- 8. cuirtear an méid seo a leanas in ionad cheannteideal Chuid II: ‘Sásra Aonair Réitigh’;

- 9. Leasaítear Airteagal 19 mar a leanas:

- (a) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘A mhéad a bheidh úsáid na gCistí (CRA nó CÁT) i gceist leis an ngníomhaíocht réitigh faoi mar atá sí molta ag an mBord, tabharfaidh an Bord fógra don Choimisiún maidir leis an úsáid atá beartaithe a bhaint as na Cistí. Áireofar san fhógra ón mBord an fhaisnéis go léir is gá chun go mbeidh an Coimisiún in ann a mheasúnuithe de bhun na míre seo a dhéanamh.’;

- (b) i mír 3, sa tríú, sa chúigiú agus sa seachtú fomhír cuirtear an focal ‘Cistí’ in ionad an fhocail ‘Ciste’, agus déantar na hathruithe gramadaí is gá;
- (c) i mír 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:
‘Déanfaidh an Bord aon mhéideanna a bheidh faighte faoin gcéad fhomhír a foc isteach sa Chiste iomchuí (CRA nó CÁT) agus cuirfidh sé na méideanna sin san áireamh nuair a bheidh ranníocaíochtaí á gCinneadh aige i gcomhréir le hAirteagail 70 agus 71, **agus aistrithe i gcomhréir le hAirteagail 74c agus 74d.**’;
- (d) i mír 7 agus i mír 10, cuirtear an focal ‘Cistí’ in ionad an fhocail ‘Ciste’, agus déantar na hathruithe gramadaí is gá;

10. cuirtear Cuid IIa isteach mar a leanas:

‘CUID IIaCÉIM 1 DE SEÁT I

TEIDEAL I: Tacaíocht leachtachta



Airteagal 41a

Tacaíocht leachtachta

1. Ón dáta cur i bhfeidhm atá leagtha amach in Airteagal 99(5)(a), **úsáidfear CÁT chun tacaíocht leachtachta a sholáthar do** SRTanna rannpháirteacha **i gcomhréir leis an gCaibidil seo.**
2. Más rud é go mbaineann teagmhas íocaíochta amach do SRT rannpháirteach nó go n-úsáidtear é le linn réitigh i gcomhréir le hAirteagal 79 den Rialachán seo, **nó go n-úsáidtear é chun bearta maoinithe i gcomhréir le hAirteagal 11(3) agus le hAirteagal 11(6) de Threoir 2014/49/AE**, féadfaidh sé **iasacht a iarraidh** ó CÁT dá easnamh leachtachta mar atá leagtha amach in Airteagal 41b.
- 3.
4. **Ní rachaidh an cistiú carnach gan íoc arna sholáthar ag CÁT do SRT rannpháirteach thar 10 n-oiread spriocleibhéal an SRT rannpháirtigh mar atá sainithe sa chéad fhomhír d’Airteagal 10(2) de Threoir 2014/49/AE.**

Airteagal 41b

Easnamh leachtachta

1. I gcás ina mbainfidh teagmhas íocaíochta amach don SRT rannpháirteach, déanfar a easnamh leachtachta a ríomh mar an méid iomlán de thaiscí cumhdaithe **atá i seilbh**

na hinstiúide creidmheasa dá dtagraítear faoi 2(2), pointe b, agus de réir bhrí Airteagal 6(1) agus 6(2) de Threoir 2014/49/AE ■ *tráth an teagmhais íocaíochta amach lúide* ■ *méid na n-acmhainní airgeadais atá ar fáil ba cheart a bheith ag an SRT rannpháirteach tráth an teagmhais íocaíochta amach i gcomhréir le hAirteagal 10(2) agus Airteagal 10(3) den Treoir sin.*

■

2. *I gcás ina n-úsáidfean an SRT rannpháirteach le linn imeachtaí réitigh, déanfar a easnamh leachtachta a ríomh mar an méid a chinnfidh an t-údarás réitigh i gcomhréir le hAirteagal 79 lúide an méid acmhainní airgeadais ba cheart a bheith ar fáil don SRT rannpháirteach tráth a chinnfean amhlaidh i gcomhréir le hAirteagal 10(2) agus (3) de Threoir 2014/49/AE.*
3. *I gcás ina n-úsáidfean cistí SRT rannpháirteach chun bearta a mhaoiniú i gcomhréir le hAirteagal 11(3) agus le hAirteagal 11(6) de Threoir 2014/49/AE, déanfar a easnamh leachtachta a ríomh mar an méid a úsáidtear chun na bearta sin a mhaoiniú lúide méid na n-acmhainní airgeadais atá ar fáil ba cheart a bheith ag an SRT rannpháirteach i gcomhréir le hAirteagal 10(2) agus Airteagal 10(3) den Treoir sin tráth a dhéantar an cinneadh beart a dheonú i gcomhréir le 11(3) nó 11(6) den Treoir sin.*

■

Caibidil 4 ***Iasachtú sainordaitheach***

Airteagal 41 ba ***Iasachtaí éigeantacha á soláthar ag SRTanna***

1. *I gcásanna nach leor na hacmhainní airgeadais atá ar fáil faoi CÁT chun an iasacht a d'iarr SRT rannpháirteach a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 41a, féadfaidh an Bord a chinneadh iasachtaí a fháil ó na SRTanna rannpháirteacha eile.*
2. *Cuirfidh gach SRT rannpháirteach na hiasachtaí arna n-iarraidh ar fáil do CÁT (iasachtú sainordaitheach)*
3. *Ríomhfaidh BRA méid an iasachtaithe sainordaithe is gá chun cistiú a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 41a. Ríomhfaidh BRA méid an iasachtaithe sainordaithe is gá a bheidh le héileamh ar gach SRT rannpháirteach i gcomhréir leis an gcóimheas idir spriocleibhéal CÁT agus spriocleibhéal gach SRT mar a chinntear i gcomhréir le hAirteagal 10(2) de Threoir 2014/49/AE.*
4. *Tar éis chéim mhéadaithe CÁT a thabhairt chun críche i gcomhréir le hAirteagal 74d, ní rachaidh an méid a sholáthróidh gach SRT rannpháirteach mar iasachtú éigeantach thar 25 % de spriocleibhéal an SRT sin.*
5. *D'fhonn an cistiú a fháil trí iasachtú sainordaitheach, leanfaidh BRA an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 41q.*

■

TEIDEAL II FORÁLACHA NÓS IMEACHTA

Airteagal 41k Réamhfhaisnéis

I gcás ina mbeidh SRT rannpháirteach curtha ar an eolas ag an údarás inniúil, nó i gcás ina bhfaighidh sé amach ar bhealach eile, faoi imthosca a bhaineann le hinstitiúid creidmheasa atá cleamhnaithe leis an SRT rannpháirteach sin ar imthosca iad ar dóchúil go mbeidh teagmhas íocaíochta amach nó úsáid an SRT in imeachtaí réitigh mar thoradh orthu, **nó i gcomhréir le Airteagail 11(3) agus 11(6) de Threoir 2014/49/AE**, cuirfidh sé an Bord ar an eolas faoi na himthosca sin gan mhoill má tá sé beartaithe aige cumhdach **SEÁT I** a iarraidh. Sa chás sin, cuirfidh an SRT rannpháirteach meastachán ar fáil freisin don Bhord ar an easnamh leachtachta ■ a mbeifear ag súil leis.

Airteagal 41l Dualgas maidir le fógra a thabhairt

1. Más rud é go mbaineann teagmhas íocaíochta amach do SRT rannpháirteach nó go **n-úsáidfear** é le ■ i gcomhréir le hAirteagal 79 **den Rialachán seo nó i gcomhréir le hAirteagail 11(3) agus 11(6) de Threoir 2014/49/AE**, tabharfaidh sé fógra don Bhord láithreach agus tabharfaidh sé dó an fhaisnéis uile is gá chun go mbeidh an Bord in ann a mheas an bhfuil na coinníollacha maidir le **tacaíochta leachtachta** a sholáthar comhlíonta i gcomhréir le hAirteagal 41a ■ den Rialachán seo.
2. Cuirfidh an SRT rannpháirteach an Bord ar an eolas faoin méid seo a leanas, go háirithe:
 - (a) an méid taiscí cumhdaithe atá ag an institiúid creidmheasa lena mbaineann;
 - (b) **an méid a chinnfidh an t-údarás réitigh i gcomhréir le hAirteagal 79;**
 - (c) **an méid a úsáidtear chun bearta riaracháin eile a mhaoiniú i gcomhréir le hAirteagail 3 agus 6 de Threoir 2014/49/AE;**
 - (d) na hacmhainní airgeadais a bhí ar fáil dó tráth an teagmhais íocaíochta amach nó na húsáide le linn réitigh;
 - (e) ■
 - (f) aon imthosca a chuirfeadh cosc air a oibleagáidí faoin dlí náisiúnta lena dtrasúitear Treoir 2014/49/AE a chomhlíonadh agus leigheasanna féideartha ar na himthosca sin.

Airteagal 41m

An méid cistiúcháin a chinneadh

1. Tar éis dó an fógra a fháil de réir Airteagal 41k, cinnfidh an Bord laistigh de 24 uair an chloig, ina sheisiún feidhmiúcháin, an bhfuil na coinníollacha maidir le cumhdach EDIS comhlíonta agus cinnfidh sé an méid **tacaíochta leachtachta** a chuirfidh sé ar fáil don SRT rannpháirteach.
2. **Cinnfidh an Bord, laistigh de 24 uair an chloig, ina sheisiún feidhmiúcháin, méid na tacaíochta leachtachta atá le maoiniú trí iasachtú sainordaitheach i gcomhréir le hAirteagal 41ba.**
3. Cuirfidh an Bord an SRT rannpháirteach ar an eolas láithreach faoina chinneadh faoi **mhír 1**. Féadfaidh an SRT rannpháirteach athbhreithniú ar chinneadh an Bhoird a iarraidh laistigh de 24 uair an chloig tar éis dó a bheith curtha ar an eolas faoi. Luafaidh sé na cúiseanna a measann sé gur gá Cinneadh an Bhoird a leasú, go háirithe i ndáil leis an méid cumhdaigh a chuirfidh **SEÁT I** ar fáil. Déanfaidh an Bord Cinneadh faoin iarraidh laistigh de 24 uair an chloig.

Airteagal 41n

Cistiú leachtachta a sholáthar

1. Soláthróidh an Bord **leachtacht** faoi **Airteagal 41a** i gcomhréir leis na forálacha seo a leanas:
 - (a) is i bhfoirm ranníocaíocht in airgead tirim leis an SRT rannpháirteach a sholáthrófar an **iasacht**;
 - (b) beidh na cistí dlite **laistigh de lá oibre amháin** tar éis don Bhord an méid a chinneadh **de bhun** Airteagal 41m.
2. **De mhaolú ar mhír 1, arna iarraidh sin do SRTanna rannpháirteacha, féadfaidh an Bord a chinneadh go soláthróidh CÁT tacaíocht leachtachta i bhfoirm ráthaíochta le haghaidh aon cheann de na bearta faoi Airteagal 41d chun rochtain a fháil ar shocruithe cistiúcháin malartacha faoi 74g.**

Airteagal 41o

Leachtacht a aisíoc

1. Déanfaidh na SRTanna rannpháirteacha an **tacaíocht leachtachta** arna soláthar ag an mBord faoi Airteagal 41n a aisíoc **i gcomhréir le plean aisíocaíochta dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo.**
2. **Laistigh de 3 mhí ón gcinneadh dá dtagraítear in Airteagal 41m, bunóidh an Bord plean aisíocaíochta lena n-áiritheofar go ndéanfaidh na SRTanna rannpháirteacha an cistiú arna sholáthar ag an mBord faoi Airteagal 41n a aisíoc ina iomláine laistigh de shé bliana.**
3. **Ar dtús, beidh an plean aisíocaíochta bunaithe, a mhéid is féidir, ar an gcistiú a bhfuiltear ag súil leis ó fhoinsí dá dtagraítear i mír 5.**
4. **Beidh feidhm ag na coinníollacha seo a leanas le haghaidh an phlean aisíocaíochta:**

- (a) *is é 10 % den chistiú a chuirfidh an Bord ar fáil faoi Airteagal 41n an aisiocaíocht bhliantúil íosta a dhéanfaidh an SRT rannpháirteach; agus*
 - (b) *gach bliain, déanfaidh an Bord athmhéasúnú ar leibhéal na n-aisghabhálacha ionchasacha agus déanfaidh sé an t-plean aisiocaíochta a athchalabhrú do na blianta atá fágtha i gcomhréir leis an méasúnú.*
5. *Fad a bheidh tacaíocht leachtachta gan íoc ag SRT rannpháirteach le CÁT, aon ranníocaíocht urghnách a cruinníodh i gcomhréir le hAirteagal 10(8) de Threoir 2014/49/AE, aon aisghabhálacha maidir le héilimh an SRT de bhun Airteagal 9(2) de Threoir 2014/49/AE agus Airteagal 75 de Threoir 2014/59/AE, déanfar aon aisiocaíocht ar bhearta a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 109 de Threoir 2014/59/AE nó Airteagal 11(3) de Threoir 2014/49/AE, nó aon ioncam a dhíorthaítear astu, a aisíoc le CÁT ar dtús sula n-úsáidfear na hacmhainní airgeadais sin chun spriocleibhéal an SRT rannpháirtigh a bhaint amach arís. Léireofar é sin sa phlean aisiocaíochta.*
 6. *Soláthróidh an SRT rannpháirteach don bhord ar a laghad ar bhonn bliantúil agus in aon chás a bhféadfadh tionchar ábhartha a bheith aige ar chonair na haisíocaíochta mar a thuairiscítear sa phlean aisiocaíochta, faisnéis nuashonraithe maidir le haon ranníocaíochtaí, aisghabhálacha, aisiocaíochtaí nó ioncam dá dtagraítear i mír 5.*
 7. *Agus céim an timthrialla gnó á cur san áireamh, d'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar ag na ranníocaíochtaí comhthimthriallacha nuair a bheidh ranníocaíochtaí á socrú agus an luas a mheastar a bheidh ann maidir le haisghabhálacha ó imeachtaí dócmhainneachta, féadfaidh an bord síneadh suas le 4 bliana a dheonú ar an aibíocht arna iarraidh sin lena n-áirítear forléargas cuimsitheach ar insreafaí agus ar eis-sreafaí ón SRT rannpháirteach.*

Airteagal 41p

Faireachán ar íocaíochtaí amach le taisceoirí

1. Tar éis cistiú a sholáthar i gcás teagmhas íocaíochta amach i gcomhréir le hAirteagal 41n, déanfaidh an Bord faireachán grinn ar an nós imeachta íocaíochta amach a sheolfaidh an SRT rannpháirteach, agus go háirithe ar an úsáid a bhaineann sé as an **tacaíocht leachtachta**.
2. Soláthróidh an SRT rannpháirteach, go tráthrialta mar a bheidh leagtha síos ag an mBord, faisnéis chruinn, iontaofa agus iomlán maidir leis an nós imeachta íocaíochta amach, feidhmiú na gceart a sheachaigh sé, nó aon ábhar eile is ábhartha i ndáil le cur chun feidhme éifeachtach na ngníomhaíochtaí de chuid an Bhoird dá bhforáiltear sa Rialachán seo nó i ndáil le feidhmiú na gcumhachtaí de chuid an SRT rannpháirtigh dá bhforáiltear i dTreoir 2014/49/AE nó sa Rialachán seo. Cuirfidh an SRT rannpháirteach an Bord ar an eolas, ar bhonn laethúil, faoin méid iomlán arna aisíoc leis na taisceoirí, faoi úsáid **na tacaíochta leachtachta**, agus faoi aon deacrachtaí a thit amach.

Airteagal 41q

Cistiú a sholáthar trí shaoráid iasachtaithe sainordaithigh

1. *Cuirfear iasachtaí ó SRTanna rannpháirteacha ar fáil ar bhonn iarraidh ar iasacht ó BRA ar bhonn an chinnidh faoi Airteagal 41 m(2), ina mbeidh an fhaisnéis ábhartha uile agus ceanglais rúndachta faoi dhlí an Aontais á n-urramú ag an am céanna.*
2. *Fad atá iasacht gan íoc ag CÁT dá dtagraítear in Airteagal 41ba, déanfar aon chistí a fuair CÁT i gcomhréir le hAirteagal 41o a aisíoc leis na SRTanna rannpháirteacha sula n-úsáidfear na cistí sin chun socruithe cistiúcháin malartacha dá dtagraítear in 74g a aisíoc, nó chun spriocleibhéal CÁT dá dtagraítear in 74b a bhaint amach arís.*
3. *Déanfar téarmaí agus coinníollacha mionsonraithe airgeadais na saoráide iasachtaithe sainordaithigh a shonrú i gcomhaontú idir gach ceann de na SRTanna rannpháirteacha agus an Bord.*

Airteagal 41r

Téarmaí na n-iasachtaí arna soláthar ag an CÁT

1. *Cinnfidh an Bord príomhthéarmaí agus príomhchoinníollacha airgeadais na saoráide leachtachta i gcomhaontú caighdeánaithe.*
2. *Déanfaidh an Bord agus an SRT rannpháirteach a d'iarr tacaíocht leachtachta i gcomhréir le hAirteagal 41a comhaontú bunaithe ar an gcomhaontú caighdeánaithe dá dtagraítear i mír 1.*
3. *Beidh an ráta úis ar iasachtaí arna soláthar ag CÁT comhionann le ráta saoráide imeallai BCE arna mhéadú 1 % gach tríú bliain den am atá fágtha go dtí aibíocht na hiasachta.*

11. Leasaítear Airteagal 43 mar a leanas:

- (a) i mír 1, cuirtear leathstad in ionad an lánstad ag deireadh phointe (c) agus cuirtear pointe (d) isteach mar a leanas:
‘(d) comhalta a cheapfaidh gach Ballstát rannpháirteach, a dhéanfaidh ionadaíocht thar ceann a údarais ainmnithe.’;
- (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:
"2. Beidh vóta amháin ag gach comhalta, lena n-áirítear an Cathaoirleach, ach amháin i gcás ina dtiocfaidh an Bord le chéile sa seisiún iomlánach comhpháirteach i gcomhréir le hAirteagal 49b, agus sa chás sin is aon vóta amháin le chéile a bheidh ag na comhaltaí uile a cheap an Ballstát rannpháirteach céanna faoi mhír 1(c) agus (d).’;
- (c) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:
‘Ainmneoidh an Coimisiún agus BCE araon ionadaí a bheidh i dteideal páirt a ghlacadh i gcrúinnithe na seisiún feidhmiúcháin, na seisiún iomlánach agus na seisiún iomlánach comhpháirteach mar bhreathnadóir buan.’;
- (d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 4 agus 5:
"4. I gcás ina mbeidh níos mó ná údarás réitigh náisiúnta amháin nó níos mó ná údarás ainmnithe náisiúnta amháin, go leithleach, i mBallstát rannpháirteach, ceadófar don dara hionadaí páirt a ghlacadh mar bhreathnadóir gan cearta vótála.

5. Is éard a bheidh i struchtúr riaracháin agus bainistíochta an Bhoird:

- (a) seisiún iomlánach comhpháirteach a fheidhmeoidh na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 49b;
- (b) **seisiúin iomlánacha** den Bhord i gcomhréir le **Airteagal 49 nó 49a** a fheidhmeoidh na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 50 agus Airteagal 50a faoi seach;
- (c) seisiún feidhmiúcháin den Bhord a fheidhmeoidh na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 54;
- (d) Cathaoirleach a fheidhmeoidh na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 56;
- (e) Rúnaíocht a thabharfaidh an tacaíocht riaracháin agus theicniúil is gá chun na cúraimí uile a shannfar don Bhord a chur i gcrích.;

12. Leasaítear Airteagal 45 mar a leanas:

i mír 4 agus mír 5, cuirtear na focail ‘cúraimí réitigh agus árachais taiscí’ in ionad ‘cúraimí réitigh’, agus déantar aon athrú gramadaí is gá;

13. in Airteagal 46(4), cuirtear na focail ‘údarás réitigh náisiúnta nó SRTanna nó údarás ainmnithe náisiúnta’ in ionad ‘údarás réitigh náisiúnta’, agus déantar aon athrú gramadaí is gá;

14. in Airteagal 47, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Agus na cúraimí a thugtar dóibh faoin Rialachán seo á bhfeidhmiú, gníomhóidh an Bord, na húdaráis réitigh náisiúnta, an SRT náisiúnta nó na húdaráis ainmnithe go neamhspleách agus ar son an leasa choitinn.;"

15. i gCuid III, cuirtear ‘Seisiún iomlánach comhpháirteach agus seisiúin iomlánacha an Bhoird’ in ionad cheannteideal Theideal II “Seisiún iomlánach an Bhoird”;

16. cuirtear Airteagal 48a isteach mar a leanas:

‘Airteagal 48a

Rannpháirtíocht i seisiúin iomlánacha chomhpháirteacha

Beidh comhaltaí uile an Bhoird dá dtagraítear in Airteagal 43(1) rannpháirteach ina sheisiúin iomlánacha chomhpháirteacha.;"

17. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 49:

‘Airteagal 49

Rannpháirtíocht i seisiúin iomlánacha a bhaineann leis an Sásra Réitigh Aonair

Beidh na comhaltaí den Bhord dá dtagraítear i bpointe (a), i bpointe (b) agus i bpointe (c) d’Airteagal 43(1) rannpháirteach sna seisiúin iomlánacha den Bhord a bhaineann leis an Sásra Réitigh Aonair (seisiún iomlánach maidir le SRA).;"

18. cuirtear Airteagal 49a agus Airteagal 49b isteach mar a leanas:

‘Airteagal 49a

Rannpháirtíocht i seisiún iomlánacha a bhaineann leis an Scéim Eorpach Árachais Taiscí

Beidh na comhaltaí den Bhord dá dtagraítear i bpointe (a), i bpointe (b) agus i bpointe (d) d’Airteagal 43(1) rannpháirteach sna seisiúin iomlánacha den Bhord a bhaineann le **SEÁT I** (seisiún iomlánach maidir le **SEÁT I**).

Airteagal 49b

Cúraimí sheisiún iomlánach comhpháirteach an Bhoird

1. Déanfaidh an Bord an méid seo a leanas ina sheisiún iomlánach comhpháirteach:

- (a) glacfaidh sé, faoin 30 Samhain gach bliain, clár oibre bliantúil an Bhoird don bhliain dár gcionn bunaithe ar dhréacht a chuirfidh an Cathaoirleach ar fáil agus cuirfidh sé chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, agus chuig BCE mar eolas é;
- (b) glacfaidh sé buiséad bliantúil an Bhoird agus déanfaidh sé faireachán air i gcomhréir le hAirteagal 61(2), formheasfaidh sé cuntais chríochnaitheacha an Bhoird agus cuirfidh sé cúram ar an gCathaoirleach chuige sin i gcomhréir le hAirteagal 63(4) agus (8);
- (c) déanfaidh sé Cinneadh maidir le hinfheistíochtaí i gcomhréir le hAirteagal 75;
- (d) glacfaidh sé an tuarascáil bhliantúil gníomhaíochtaí i ndáil le gníomhaíochtaí an Bhoird dá dtagraítear in Airteagal 45, ina mbeidh mínithe mionsonraithe faoi chur chun feidhme an bhuiséid;
- (e) glacfaidh sé na rialacha airgeadais is infheidhme maidir leis an mBord i gcomhréir le hAirteagal 64;
- (f) glacfaidh sé straitéis frithchalaoise, atá comhréireach leis na rioscaí calaoise agus ina gcuirfear san áireamh costais agus tairbhí na mbeart a bheidh le cur chun feidhme;
- (g) glacfaidh sé rialacha maidir le coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú i gcás a chomhaltaí;
- (h) glacfaidh sé a rialacha nós imeachta agus rialacha nós imeachta an Bhoird ina sheisiún iomlánach agus ina sheisiún feidhmiúcháin faoin Rialachán seo;
- (i) feidhmeoidh sé, i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo, i ndáil le foireann an Bhoird, na cumhachtaí a thugtar don Údarás Ceapacháin faoi na Rialacháin Foirne agus a thugtar don Bhord atá Cumhachtaithe chun Conradh Fostaíochta a Thabhairt chun Críche (‘cumhachtaí an údaráis ceapacháin’) faoi Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh mar atá leagtha síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEEG) Uimh. 259/68 (‘Coinníollacha Fostaíochta’) ón gComhairle;
- (j) glacfaidh sé na rialacha cur chun feidhme is iomchuí le héifeacht a thabhairt do na Rialacháin Foirne agus do na Coinníollacha Fostaíochta i gcomhréir le hAirteagal 110 de na Rialacháin Foirne;
- (k) ceapfaidh sé Oifigeach Cuntasaíochta, faoi réir na Rialachán Foirne agus na gCoinníollacha Fostaíochta, a bheidh neamhspleách i bhfeidhmiú a dhualgas;
- (l) áiritheoidh sé go ndéanfar obair leantach iomchuí ar thorthaí agus ar mholtaí a eascraíonn ó na tuarascálacha iniúchóireachta inmheánacha nó seachtracha agus

ó mheastóireachtaí, agus ó imscrúduithe na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF);

- (m) glacfaidh sé na cinntí uile maidir le struchtúir inmheánacha an Bhoird a bhunú agus, más gá, maidir lena gcoigeartú.
- 2. Agus cinntí á nglacadh, gníomhóidh seisiún iomlánach comhpháirteach an Bhoird i gcomhréir leis na cuspóirí atá sonraithe in Airteagal 6 agus in Airteagal 14.
- 3. Ina sheisiún iomlánach, glacfaidh an Bord, i gcomhréir le hAirteagal 110 de na Rialacháin Foirne, Cinneadh bunaithe ar Airteagal 2(1) de na Rialacháin Foirne agus ar Airteagal 6 de na Coinníollacha Fostaíochta, lena dtarmligfear cumhachtaí na n-údarás ceapacháin ábhartha chuig an gCathaoirleach agus lena mbunófar na coinníollacha ar ar féidir tarmligean na gcumhachtaí a chur ar fionraí. Beidh an Cathaoirleach údaraithe na cumhachtaí sin a fhotharmligean.

In imthosca eisceachtúla, féadfaidh an Bord ina sheisiún iomlánach chomhpháirteach, trí bhíthin cinnidh, tarmligean chumhachtaí an údaráis ceapacháin chuig an gCathaoirleach agus aon fhotharmligean a dhéanann an Cathaoirleach a chur ar fionraí go sealadach agus féadfaidh an Bord iad a fheidhmiú é féin nó iad a tharmligean chuig duine dá chomhaltaí nó chuig duine den fhoireann seachas an Cathaoirleach.’;

19. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 50:

‘Airteagal 50

Cúraimí an Bhoird ina sheisiún iomlánach maidir le SRA

- 1. Déanfaidh an Bord an méid seo a leanas ina sheisiún iomlánach maidir le SRA:
 - (a) déanfaidh sé cinneadh, faoi réir an nós imeachta dá dtagraítear i mír 2, maidir le húsáid an Chiste, más rud é go bhfuil tacaíocht an Chiste sa ghníomhaíocht réitigh shonrach sin ag teastáil os cionn na tairisí EUR 5 000 000 000 nuair is é 0.5 an t-uallú i gcás tacaíocht leachtachta;
 - (b) déanfaidh sé, a luaithé a shroichfidh glanúsáid charntha an Chiste sa 12 mhí dheireanacha as a chéile tairseach EUR 5 000 000 000, cur i bhfeidhm na n-uirlisí réitigh a mheasúnú, go háirithe úsáid an Chiste, agus cuirfidh sé Treoir ar fáil ar cheart don seisiún feidhmiúcháin a leanúint i gcinntí réitigh dá éis sin, go háirithe, más iomchuí, agus idirdhealú á dhéanamh idir leachtacht agus cineálacha eile tacaíochta;
 - (c) déanfaidh sé Cinneadh an gá ranníocaíochtaí urghnácha ex-post a chruinniú i gcomhréir le hAirteagal 71, maidir leis an iasachtaíocht dheonach idir socruithe um maoiniú i gcomhréir le hAirteagal 72, maidir le foinsí malartacha airgeadais i gcomhréir le hAirteagal 73 agus Airteagal 74, agus maidir le frithpháirtiú socruithe náisiúnta um maoiniú i gcomhréir le hAirteagal 78, a bhfuil tacaíocht ón gCiste os cionn na tairisí dá dtagraítear i bpointe (c) den mhír seo i gceist leis;
 - (d) an creat dá dtagraítear in Airteagal 31(1) maidir leis na socruithe praiticiúla a eagrú don chomhar leis na húdaráis réitigh náisiúnta, déanfaidh sé é a fhorghnó.
- 2. Agus cinntí á nglacadh, gníomhóidh seisiún iomlánach an Bhoird i gcomhréir leis na cuspóirí atá sonraithe in Airteagal 6 agus in Airteagal 14.

Chun críocha phointe (a) de mhír 1, measfar an scéim réitigh arna hullmhú ag an seisiún feidhmiúcháin a bheith glactha mura rud é, laistigh de thrí uair an chloig ó chuireann an seisiún feidhmiúcháin an dréacht faoi bhráid an tseisiúin iomlánaigh, go

gcomórfaidh comhalta amháin ar a laghad den seisiún iomlánach cruinniú den seisiún iomlánach. Sa chás sin, glacfaidh an seisiún iomlánach Cinneadh faoin scéim réitigh.’;

20. Cuirtear Airteagal 50a isteach mar a leanas:

‘Airteagal 50a

*Cúraimí an Bhoird ina sheisiún iomlánach maidir le **SEÁT I***

1. Déanfaidh an Bord an méid seo a leanas ina sheisiún iomlánach maidir le **SEÁT I**:

- (a) déanfaidh sé, a luaithe a shroichfidh glanúsáid charntha CÁT sa 12 mhí dheireanacha as a chéile tairseach 25 % den spriocleibhéal deiridh, cur i bhfeidhm **■** úsáid CÁT a mheasúnú, agus cuirfidh sé treoir ar fáil is ceart don seisiún feidhmiúcháin a leanúint i gcinntí **tacaíochta leachtachta** ina dhiaidh sin **■** ;
- (b) **príomhthearmaí agus coinníollacha an chomhaontaithe chaighdeánaithe dá dtagraítear in Airteagal 41r(1)** a chinneadh;
- (c) déanfaidh sé Cinneadh maidir leis an iasachtaíocht dheonach idir socruithe um maoiniú i gcomhréir le hAirteagal 74f, agus le foinsí malartacha cistiúcháin i gcomhréir le hAirteagal 74g;

■

2. Agus cinntí á nglacadh, gníomhóidh seisiún iomlánach an Bhoird i gcomhréir leis na cuspóirí atá sonraithe in Airteagal 6.’;

21. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 51:

‘Airteagal 51

Cruinnithe sheisiúin iomlánach comhpháirteach agus sheisiúin iomlánacha an Bhoird maidir le SRA agus SEÁT

- 1. Comórfaidh an Cathaoirleach cruinnithe sheisiúin iomlánach comhpháirteach agus sheisiúin iomlánacha an Bhoird maidir le SRA agus **SEÁT I** agus déanfaidh sé cathaoirleacht orthu i gcomhréir le pointe (a) d’Airteagal 56(2).
- 2. Reáchtálfaidh an Bord, ina sheisiún iomlánach comhpháirteach, dhá ghnáthchruinniú in aghaidh na bliana ar a laghad. Ina theannta sin, tiocfaidh an Bord le chéile ar thionscnamh an Chathaoirligh nó arna iarraidh sin d’aon trian ar a laghad de chomhaltaí an Bhoird. Féadfaidh ionadaí an Choimisiúin iarraidh ar an gCathaoirleach cruinniú den Bhord a chomóradh ina sheisiún iomlánach comhpháirteach nó ina sheisiún iomlánach maidir le SRA nó **SEÁT I** faoi seach. Cuirfidh an Cathaoirleach cúiseanna ar fáil i scríbhinn más rud é nach gcomórann sé an cruinniú in am trátha.
- 3. I gcás inarb ábhartha, féadfaidh an Bord a iarraidh ar bhreathnadóirí eile, lena n-áirítear ionadaí de chuid ÚBE, le cois na mbreathnadóirí sin dá dtagraítear in Airteagal 43(3), páirt a ghlacadh i gcrúinnithe a sheisiúin iomlánaigh chomhpháirtigh nó a sheisiúin iomlánaigh maidir le SRA nó **SEÁT I** ar bhonn ad hoc.
- 4. Cuirfidh an Bord rúnaíocht ar fáil do sheisiún iomlánach comhpháirteach **agus** do sheisiún iomlánach an Bhoird.’;

22. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 52:

‘Airteagal 52

Forálacha ginearálta maidir leis an bpróiseas cinnteoireachta

1. Déanfaidh an Bord, ina sheisiún iomlánach comhpháirteach, nó ina sheisiún iomlánach maidir le SRA nó **SEÁT I** faoi seach, a chuid cinntí trí thromlach simplí dá chomhaltaí, mura bhforáiltear a mhalairt sa Rialachán seo. Vóta amháin a bheidh ag gach comhalta a bhfuil cearta vótála aige. Is ag an gCathaoirleach a bheidh an vóta réitigh má chríochnaíonn an vóta cothrom.
 2. De mhaolú ar mhír 1, déanfar na cinntí dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) d’Airteagal 50(1), agus i bpointe (a) d’Airteagal 50a(1) mar aon le cinntí maidir le frithpháirtiú socruithe náisiúnta um maoiniú i gcomhréir le hAirteagal 78, atá teoranta d’úsáid na bhfoinsí airgeadais atá ar fáil in CRA, nó in CÁT faoi seach, déanfar na cinntí sin a ghlacadh le tromlach simplí de chomhaltaí an Bhoird is comhionann le 30 % ar a laghad de na ranníocaíochtaí. Vóta amháin a bheidh ag gach comhalta a bhfuil cearta vótála aige. Is ag an gCathaoirleach a bheidh an vóta réitigh má chríochnaíonn an vóta cothrom.
 3. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, déanfar na cinntí dá dtagraítear in Airteagal 50(1) nó Airteagal 50a(1) a bhaineann le ranníocaíochtaí ex-post a chruinniú i gcomhréir le hAirteagal 71 ■, na cinntí maidir le hiasachtaíocht dheonach idir socruithe um maoiniú i gcomhréir le hAirteagal 72 nó Airteagal 74f, na cinntí maidir le foinsí malartacha maoiniúcháin i gcomhréir le hAirteagal 73, Airteagal 74 nó Airteagal 74g, agus na cinntí maidir le frithpháirtiú socruithe náisiúnta um maoiniú i gcomhréir le hAirteagal 78, ar cinntí iad lena sáraítear úsáid na n-acmhainní airgeadais atá ar fáil in CRA nó in CÁT, déanfar na cinntí sin a ghlacadh le tromlach dhá thrían de chomhaltaí an Bhoird, is comhionann le 50 % ar a laghad de na ranníocaíochtaí le linn na hidirthréimhse, go dtí go mbeidh an Ciste lán-fhrithpháirtithe agus go mbeidh a spriocleibhéal deiridh bainte amach ag CÁT, agus le tromlach dhá thrían de chomhaltaí an Bhoird is comhionann le 30 % de na ranníocaíochtaí uaidh sin amach. Vóta amháin a bheidh ag gach comhalta a bhfuil cearta vótála aige. Is ag an gCathaoirleach a bheidh an vóta réitigh má chríochnaíonn an vóta cothrom.
 4. ■
 5. Glacfaidh an Bord a rialacha nós imeachta féin agus poibleoidh sé iad. Leagfar síos sna rialacha nós imeachta socruithe vótála níos mionsonraithe, go háirithe na himthosca ina bhféadfaidh comhalta gníomhú thar ceann comhalta eile agus lena n-áirítear na rialacha a rialaíonn córaim, más iomchuí.’;
23. Leasaítear Airteagal 53 mar a leanas:
- (a) sa tríú fómhír de mhír 1, cuirtear na focail ‘údaráis réitigh náisiúnta nó údaráis ainmnithe náisiúnta’ in ionad ‘údaráis réitigh náisiúnta’, agus déantar aon athrú gramadaí is gá;
 - (b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na tagartha do ‘Airteagal 43(1)(c)’ : ‘Airteagal 43(1)(c) nó, i gcás inarb ábhartha, Airteagal 43(1)(d)’;
 - (c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“3. Nuair atáthar ag breithniú eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 2 nó grúpa eintiteas nach bhfuil bunaithe ach in aon Bhallstát rannpháirteach amháin nó gníomhaíocht nó Cinneadh árachais taiscí, glacfaidh an comhalta ábhartha a

cheap an Ballstát sin faoi Airteagal 43(1)(c) nó 43(1)(d) páirt freisin sa bhreithniú agus sa phróiseas cinnteoireachta, agus beidh feidhm ag na rialacha atá leagtha síos in Airteagal 55(1).’;

- (d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

"5. Áiritheoidh na comhaltaí den Bhord dá dtagraítear in Airteagal 43(1)(a) agus (b) go mbeidh na cinntí agus gníomhaíochtaí réitigh agus árachais taiscí a dhéantar sna foirmíochtaí difriúla de sheisiúin feidhmiúcháin an Bhoird, go háirithe ó thaobh úsáid CRA agus CÁT de faoi seach, go mbeidh siad comhleanúnach, iomchuí agus comhréireach.’;

24. Leasaítear Airteagal 54 mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Déanfaidh an Bord an méid seo a leanas ina sheisiún feidhmiúcháin:

- (a) ullmhóidh sé na cinntí uile a ghlacfaidh an Bord ina sheisiún iomlánach comhpháirteach nó ina sheisiún iomlánacha maidir le SRA agus **SEÁT I**, faoi seach;

- (b) glacfaidh sé na cinntí uile is gá chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, mura bhforáiltear a mhalairt sa Rialachán seo.’;

- (b) i mír 2, cuirtear leathstad in ionad an lánstad ag deireadh phointe (e) agus cuirtear na pointí seo a leanas leis:

‘(f) an méid **tacaíochta leachtachta** a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 41 **m(1)**;

(g) an méid **tacaíochta leachtachta a bheidh le soláthar trí iasachtú sainordaitheach** a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 41**m(2)**;

■

- (c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3 agus mír 4:

‘3. Más gá, de dheasca práinne, féadfaidh an Bord ina sheisiún feidhmiúcháin cinntí sealadacha áirithe a dhéanamh thar ceann an Bhoird ina sheisiún iomlánach comhpháirteach nó ina sheisiún iomlánacha maidir le SRA agus **SEÁT I**, faoi seach, go háirithe i ndáil le hábhair a bhaineann le bainistíocht riaracháin, lena n-áirítear ábhair bhuiséadacha.

4. Coinneoidh an Bord ina sheisiún feidhmiúcháin an Bord ina sheisiún iomlánach comhpháirteach nó ina sheisiún iomlánacha maidir le SRA agus **SEÁT I**, faoi seach, ar an eolas faoi na cinntí a ghlacfaidh sé i ndáil le réiteach nó árachas taiscí.’;

25. Leasaítear Airteagal 56 mar a leanas:

- (a) i mír 1:

- (i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) obair an Bhoird a ullmhú, ina sheisiún iomlánach comhpháirteach, ina sheisiún iomlánach agus ina sheisiún feidhmiúcháin, agus a chruinnithe a chomóradh agus a bheith ina chathaoirleach orthu;’;

- (ii) i bpointe (g) cuirtear na focail ‘faoi ghníomhaíochtaí réitigh agus gníomhaíochtaí árachais taiscí’ in ionad ‘faoi ghníomhaíochtaí réitigh’, agus déantar aon athrú gramadaí is gá;
- (b) sa chéad abairt de mhír 4, cuirtear na focail ‘réiteach banc agus ráthaíocht taiscí’ in ionad ‘réiteach bainc’, agus déantar aon athrú gramadaí is gá;
- 26. in Airteagal 58, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Beidh trí chuid sa bhuiséad: Cuid I leis an mBord a riar, Cuid II le CRA a riar agus Cuid III le CÁT a riar.’
- 27. in Airteagal 59, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Tá an tAirteagal seo gan dochar do cheart na n-údarás réitigh náisiúnta, SRTanna rannpháirteacha agus údarais ainmnithe táillí a thobhach i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, maidir lena gcaiteachais riaracháin den chineál dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2, lena n-áirítear caiteachais is toradh ar dhul i gcomhar leis an mBord nó ar chabhrú leis.’;
- 28. cuirtear Airteagal 60a isteach mar a leanas:

‘Airteagal 60a

Cuid III den bhuiséad

1. Is é a bheidh in ioncam Chuid III den bhuiséad an méid seo a leanas, go háirithe:
 - (a) ***aistrithe*** arna n-íoc ag ■ SRTanna rannpháirteacha i gcomhréir le hAirteagal 74c agus Airteagal 74d;
 - (b) iasachtaí arna bhfáil ó scéimeanna ráthaíochta taiscí i mBallstáit neamh-rannpháirteacha i gcomhréir le hAirteagal 74f;
 - (c) iasachtaí arna bhfáil ó institiúidí airgeadais nó ó thríú páirtithe eile i gcomhréir le hAirteagal 74g;
 - (d) torthaí ar infheistiú na méideanna atá sa CÁT i gcomhréir le hAirteagal 75;
 - (e) cistiú arna aisíoc ag SRTanna rannpháirteacha i gcomhréir le hAirteagal 41o.
 - (f) ***iasachtaí arna bhfáil ó SRTanna rannpháirteacha i gcomhréir le hAirteagal 41ba (iasachtú sainordaitheach);***
2. Is é a bheidh i gcaiteachas Chuid III den bhuiséad:
 - (a) cistiú arna sholáthar do na SRTanna rannpháirteacha chun críocha Airteagal 41a■;
 - (b) infheistíochtaí i gcomhréir le hAirteagal 75;
 - (c) ús arna íoc ar iasachtaí arna bhfáil ó shocruithe airgeadais eile um ráthaíocht taiscí i mBallstáit neamh-rannpháirteacha i gcomhréir le hAirteagal 74f;
 - (d) ús arna íoc ar iasachtaí arna bhfáil ó institiúidí airgeadais nó ó thríú páirtithe eile i gcomhréir le hAirteagal 74g.’;
 - (f) ***ús a íoctar ar iasachtaí arna bhfáil ó SRTanna rannpháirteacha i gcomhréir le hAirteagal 41ba (iasachtú sainordaitheach);***

29. in Airteagal 61(2), cuirtear na focail ‘ina sheisiún iomlánach comhpháirteach’ in ionad ‘ina sheisiún iomlánach’;
30. in Airteagal 63(8), cuirtear na focail ‘ina sheisiún iomlánach comhpháirteach’ in ionad ‘ina sheisiún iomlánach’;
31. Leasaítear Airteagal 65 mar a leanas:
- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:
- ‘1. Na heintitis dá dtagraítear in Airteagal 2(1) agus i bpointe (b) d’Airteagal 2(2) faoi seach, déanfaidh siad ranníocaíocht le Cuid I de bhuiséad an Bhoird i gcomhréir leis an Rialachán seo agus leis na gníomhartha tarmligthe maidir le ranníocaíochtaí arna nglacadh de bhun mhír 5 den Airteagal seo.’;
- (b) i mír 5, cuirfear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):
- ‘(a) na cineálacha ranníocaíochtaí agus na hábhair a bhfuil na ranníocaíochtaí dlite ina leith a chinneadh, agus cúraimí éagsúla an Bhoird faoin Rialachán seo chun críocha SRA agus **SEÁT I**, an chaoi a ríomhtar méid na ranníocaíochtaí agus an tslí a n-íoctar iad á gcur san áireamh;’;
32. i dTeideal V de Chuid III, cuirtear ‘An Ciste Réitigh Aonair agus an Ciste Árachais Taiscí’ in ionad cheannteideal Chaibidil 2;
33. i gCaibidil 2 de Theideal V de Chuid III, cuirtear ‘Comhdhéanamh an Chiste Réitigh Aonair’ in ionad cheannteideal Roinn 1;
34. cuirtear an roinn seo a leanas isteach i gCaibidil 2 de Theideal V de Chuid III:

‘ROINN 1A COMHDHÉANAMH AN CHISTE ÁRACHAIS TAISCÍ

Airteagal 74a Forálacha Ginearálta

1. Bunaítear leis seo an Ciste Árachais Taiscí (CÁT). Líonfar é **le haistrithe ó SRTanna rannpháirteacha ó ranníocaíochtaí arna mbailiú ó institiúidí creidmheasa atá cleamhnaithe leis na SRTanna sin**. Déanfaidh an Bord **méideanna** na ranníocaíochtaí **a bheidh le haistriú** a ríomh, **i gcomhréir le mír 2**.
2. **Gach bliain beidh ranníocaíocht aonair gach institiúide creidmheasa rannpháirteach bunaithe ar an méid seo a leanas:**
 - a) **bunranníocaíocht, atá pro rata bunaithe ar mhéid taiscí cumhdaithe institiúide, i ndáil le hiomlán na dtaiscí cumhdaithe sna hinstitiúidí creidmheasa dá dtagraítear in Airteagal 2(2), pointe (b);**
 - b) **ranníocaíocht riosca-choigeartaithe.**
2. Is chun cistiú a sholáthar do SRTanna rannpháirteacha i gcomhréir leis na cuspóirí agus na prionsabail lena rialaítear SEÁT dá dtagraítear in Airteagal 6, agus chun na críche sin amháin a úsáidfídh an Bord CÁT. Ní bheidh buiséad an Aontais ná na buiséid náisiúnta faoi dhliteanas i leith speansais ná chaillteanas an Chiste in imthosca ar bith.

3. Is é an Bord úinéir CÁT. Ní fhéadfar leas a bhaint as dliteanas buiséadach na mBallstát, in imthosca ar bith, chun gníomhaíochtaí an Bhoird faoin Rialachán seo a chistiú.

Airteagal 74b
Spríocleibhéil an Chiste Árachais Taiscí

1. Faoi **5 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo**, sroichfidh na hacmhainní airgeadais atá ar fáil faoi CÁT spríocleibhéil **50 % den spríocleibhéil dá dtagraítear in Airteagal 10(2) de 2014/49/AE arna ríomh mar chéatadán de mhéid na dtaiscí cumhdaithe sna hinstiúidí creidmheasa uile dá dtagraítear in Airteagal 2(2), pointe (b), den Rialachán seo.**

Airteagal 74c
CÁT a Mhaoiniú

1. Gach bliain **go dtí cúig bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo**, cinnfidh an Bord, i ndlúthchomhar leis na SRTanna rannpháirteacha agus na húdaráis ainmnithe, méid iomlán na ranníocaíochtaí **a bheidh le haistriú chuig CÁT** do gach SRT rannpháirteach chun na spríocleibhéil dá bhforáiltear in Airteagal 74b a bhaint amach. Ní rachaidh méid iomlán na ranníocaíochtaí **a bheidh le haistriú** thar na spríocleibhéil dá bhforáiltear in Airteagal 74b.
2. **Déanfar na méideanna atá le haistriú dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a leathadh amach ó thaobh ama de ar bhealach chomh cothrom agus is féidir go dtí go mbainfear amach an spríocleibhéil dá dtagraítear in Airteagal 74b. Cinnfidh an Bord an méid atá le haistriú ag gach SRT rannpháirteach i gcomhréir le hAirteagal 74a(2) agus an modh chun na ranníocaíochtaí riosca-choigeartaithe a leagtar síos sa ghníomh tarmlichte dá dtagraítear i mír 9 a ríomh.**

■

■ **Déanfar na haistrithe ón SRT rannpháirteach chuig an mbord faoin 30 Meitheamh** gach bliain **ar a dhéanaí.**

3. Ní aisíocfar na haistrithe a gheofar go cuí **ó gach SRT rannpháirteach leis na SRTanna rannpháirteacha.**
4. Na **méideanna a aistroidh** SRT rannpháirteach **isteach i CÁT** i gcomhréir leis an Airteagal seo, cuirfear san áireamh iad i dtaca leis an spríocleibhéil íosta atá le baint amach ag **gach** SRT rannpháirteach i gcomhréir le **hAirteagal 10 de Threoir 2014/49/AE.**

■

5. **Déanfaidh an Bord, tar éis dó dul i gcomhairle leis an SRT rannpháirteach lena mbaineann agus leis an údarás ainmnithe, aistriú an mhéid a chinnfidh an Bord i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo a chur siar go hiomlán nó go páirteach sna cásanna seo a leanas:**

(a) nach bhfuil acmhainní airgeadais leordhóthanacha ag SRT rannpháirteach chun na méideanna atá dlite a aistriú, i ngeall ar chistí SRT a úsáid de bhun Airteagal 11 de Threoir 2014/49/AE roimh an dáta a dhéanfar an chéad aistriú ón SRT rannpháirteach chuig an mBord; or

(b) nach bhfuil acmhainní airgeadais leordhóthanacha ag SRT rannpháirteach chun na méideanna atá dlite a aistriú – de bharr gur úsáid sé cistí SRT chun na gcríoch dá dtagraítear in Airteagal 41a sula mbaintear amach an spriocleibhéal dá dtagraítear in Airteagal 74b.

Déanfaidh an Bord, tar éis dó dul i gcomhairle leis an SRT rannpháirteach agus leis an údarás ainmnithe, plean a shainiú maidir le híocaíocht an aistrithe atá le híoc ag an SRT rannpháirteach, agus aird á tabhairt ar na ranníocaíochtaí is féidir leis an SRT rannpháirteach a chruinniú de bhun Airteagal 10 de Threoir 2014/49/AE agus ar an ngá atá ann don SRT rannpháirteach aon mhéideanna a fuarthas ar iasacht a aisíoc.

Ní fhéadfaidh méaduithe ar aistrithe le haghaidh SRTanna rannpháirteacha eile atá dírithe ar an spriocleibhéal a choinneáil i gcomhréir le mír 7 den Airteagal seo a bheith mar thoradh ar iarchuir a dheonaítear.

- 6. Fad a bheidh SRT rannpháirteach ag baint tairbhe as iarchur i gcomhréir le mír 5 den Airteagal seo, déanfar aon ranníocaíocht urghnách a cruinníodh i gcomhréir le hAirteagal 10(8) de Threoir 2014/49/AE, aon aisghabhálacha maidir le héilimh an SRT de bhun Airteagal 9(2) de Threoir 2014/49/AE agus Airteagal 75 de Threoir 2014/59/AE, aon aisíocaíocht ar bhearta a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 109 de Threoir 2014/59/AE nó Airteagal 11(3) de Threoir 2014/49/AE, nó aon ioncam a dhíorthaítear astu, a aistriú chuig CÁT chun na hoibleáidí faoi mhíreanna 1 agus 2 a chomhlíonadh sula n-úsáidfear na hacmhainní airgeadais sin chun spriocleibhéal an SRT rannpháirtigh a bhaint amach arís.*
- 7. Tar éis 5 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo, cinntfidh an Bord, i ndlúthchomhar leis na SRTanna rannpháirteacha agus leis na húdaráis ainmnithe, ranníocaíochtaí a bheidh le bailiú ó gach institiúid creidmheasa dá dtagraítear in Airteagal 2(2), pointe (b), agus a bheidh le haistriú chuig CÁT ag an SRT rannpháirteach chun an spriocleibhéal dá bhforáiltear in Airteagal 74b a choinneáil.*
- 8. Tar éis 5 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo, féadfaidh an Bord, i ndlúthchomhar leis na SRTanna rannpháirteacha agus leis na húdaráis ainmnithe, na ranníocaíochtaí is gá atá le bailiú i gcomhréir le mír 7 a chur siar chun a áirithiú go sroichfidh an méid atá le haistriú méid atá comhréireach le costais an phróisis bailithe le haghaidh SRTanna rannpháirteacha, ar choinníoll nach ndéanfaidh an t-iarchur sin difear ábhartha do chumas an Bhoird CÁT a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 41a.*
- 9. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin rialála chun modh rioscabhunaithe a shonrú chun na méideanna atá le haistriú chuig CÁT ag na SRTanna rannpháirteacha a ríomh i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo.*



Áireofar sna caighdeáin theicniúla rialála foirmle ríofa, táscairí sonracha, aicmí riosca do chomhaltaí, tairseacha d'ualaí riosca atá sannta d'aicmí sonracha riosca, agus eilimintí riachtanacha eile. Déanfar leibhéal riosca gach SRT rannpháirtigh a mheas agus na hinstitiúidí creidmheasa uile dá dtagraítear in Airteagal 2(2), pointe (b), atá cleamnaithe leis á gcur san áireamh ar bhonn na gcrítear seo a leanas:

- (a) acmhainn iniomparthachta caillteanas na hinstitiúide;*

- (b) cumas na hinstitiúide a hoibleagáidí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha a chomhlíonadh;

- (d) caighdeán shócmhainní na hinstitiúide;
- (e) an múnla gnó agus bainistiú na hinstitiúide;
- (f) a mhéid atá sócmhainní na hinstitiúide ualaithe;
- (g) *neamhchosaintí ar rialtas láir agus ar bhanc ceannais an Bhallstáit ina bhfuil an institiúid chreidmheasa údaraithe;*
- (h) *cé acu atá nó nach bhfuil an institiúid creidmheasa faoi réir ceanglais stuamachta faoi Threoir AE/2013/36 agus Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.*

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoi 6 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo.

Tarmligfear an chumhacht chuig an gCoimisiún chun an Treoir seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le Airteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

Airteagal 74ca

Teorainneacha maidir le hiasachtú éigeantach le linn chéim mhéadaithe SEÁT I

Cuirfidh SRT rannpháirteach iasachtú sainordaitheach ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 41ba ag tosú ón 1 Iúil bliain amháin tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo laistigh de na teorainneacha seo a leanas:

- a) ón 1 Iúil tar éis bhliain amháin ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo, 65 % de spriocleibhéal íosta gach SRT rannpháirtigh;*
- b) ón 1 Iúil tar éis 2 bhliain ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo, 55 % den spriocleibhéal íosta atá ag gach SRT rannpháirteach;*
- c) ón 1 Iúil tar éis 3 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo, 45 % den spriocleibhéal íosta atá ag gach SRT rannpháirteach;*
- d) ón 1 Iúil tar éis 4 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo, 35 % de spriocleibhéal íosta gach SRT rannpháirtigh;*
- e) ón 1 Iúil tar éis 5 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo, agus go dtí go mbeidh céim mhéadaithe CÁT curtha i gcrích, 25 % den spriocleibhéal íosta atá ag gach SRT rannpháirteach;*

Airteagal 74e

Cinntí faoin Rialachán seo a chur chun feidhme

1. Déanfaidh an SRT rannpháirteach an beart is gá chun na cinntí dá dtagraítear sa Rialachán seo a chur chun feidhme.

Faoi réir an Rialacháin seo, déanfaidh an SRT rannpháirteach a chumhachtaí a fheidhmiú faoin dlí náisiúnta lena ndéantar ■ Treoir 2014/49/AE a thrasú agus i

gcomhréir leis na coinníollacha atá leagtha síos sa dlí náisiúnta. Cuirfidh an SRT rannpháirteach an Bord ar an eolas go hiomlán faoi fheidhmiú na gcumhachtaí sin.

2. Más rud é nár chuir an SRT rannpháirteach Cinneadh an Bhoird de bhun an Rialacháin i bhfeidhm nó nár chomhlíon sé an Cinneadh sin, nó gur chuir sé i bhfeidhm é ar bhealach ar baol é do chur chun feidhme éifeachtúil **SEÁT I** agus do chuspóirí an Rialacháin seo, féadfaidh an Bord a ordú don SRT rannpháirteach aon bheart is gá a ghlacadh chun an Cinneadh i dtrácht a chomhlíonadh.
3. Más rud é go ndíríonn SRT rannpháirteach Cinneadh ar institiúid creidmheasa atá cleamhnaithe leis, lena n-áirítear sonrascadh ranníocaíochtaí, agus más rud é nár chomhlíon an institiúid creidmheasa an Cinneadh sin, d'aon ghnó nó go faillíoch, déanfaidh an Bord cinneadh **treoir a thabhairt do SRT rannpháirteach ús a ghearradh** ar an institiúid chreidmheasa i gcomhréir le hAirteagal 38.

Airteagal 74f

Iasachtú deonach ó SRTanna neamh-rannpháirteacha agus iasachtaíocht dheonach leo

1. Cinnfidh an Bord iarraidh a dhéanamh iasacht a fháil do CÁT ó scéimeanna árachais taiscí i mBallstáit neamh-rannpháirteacha, más rud é:
 - (a) nach leor **na modhanna maoinithe atá ar fáil do CÁT agus** na méideanna arna gcruinniú faoin **iasachtú sainordaitheach** chun na caillteanais, na costais ná na speansais eile arna dtabhú trí úsáid CÁT **de bhun Airteagal 41a** a chumhdach;
 - (c) nach bhfuil rochtain láithreach ar na foinsí cistiúcháin malartacha dá bhforáiltear in Airteagal 74g ar théarmaí réasúnta.
2. Déanfaidh na scéimeanna ráthaíochta taiscí sin Cinneadh maidir leis an gcineál sin iarrata i gcomhréir le hAirteagal 12 de Threoir 2014/49/AE.
3. Féadfaidh an Bord a chinneadh iasachtú a dhéanamh le scéimeanna ráthaíochta taiscí eile i mBallstáit neamh-rannpháirteacha arna iarraidh sin. Beidh feidhm ag Airteagal 12 de Threoir 2014/49/AE de réir análaí i ndáil leis na coinníollacha iasachtaíochta, **seachas mír (1), pointe (b).**

Airteagal 74g

Foinsí maoiniúcháin malartacha

1. Féadfaidh an Bord iasachtaíochtaí nó cineálacha eile tacaíochta ó institiúidí, ó institiúidí airgeadais nó ó thríú páirtithe eile arb fhearr a dtéarmaí airgeadais a chonrú le haghaidh CÁT ag an tráth is iomchuí chun costas an chistiúcháin a bharrfheabhsú agus chun a chlú a chaomhnú. Úsáidfear fáltais na n-iasachtaíochtaí sin go heisceachtúil **chun tacaíocht leachtachta a sholáthar nó chun** oibleagáidí íocaíochta SRTanna rannpháirteacha a chomhlíonadh, i gcás nach mbeidh rochtain láithreach ar na méideanna arna gcruinniú i gcomhréir le **hAirteagal 74c** nó nach gcumhdóidh siad na méideanna arna n-éileamh ar CÁT i ndáil le **húsáid na gcistí SRT dá dtagraítear in Airteagal 41a.**
2. Déanfar an iasachtaíocht nó na cineálacha eile tacaíochta dá dtagraítear i mír 1 a aisghabháil ina n-iomláine i gcomhréir le **hAirteagal 74c**.

3. Is as Cuid III de bhuiséad an Bhoird seachas as buiséad an Aontais nó na mBallstát rannpháirteach a íocfar aon chostas a thabhfófar trí úsáid na n-iasachtaíochtaí atá sonraithe i mír 1.
4. Féadfaidh an Bord a chinneadh fáltais na n-iasachtaíochtaí a infheistiú i gcomhréir le hAirteagal 75 chun a bhfíorluach a chosaint.’;
35. i gCaibidil 2 de Theideal V de Chuid III, cuirtear ‘Riar an Chiste Réitigh Aonair (CRA) agus an Chiste Árachas Taiscí (CÁT)’ in ionad cheannteideal Roinn 2.
36. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 75:

*‘Airteagal 75
Infheistíochtaí*

1. Déanfaidh an Bord CRA agus CÁT a riar i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le gníomhartha tarmligthe arna nglacadh faoi mhír 4.
2. Is chun sochair CRA agus CÁT amháin a rachaidh na méideanna a gheofar ó institiúid faoi réiteach nó ó dhroichead-institiúid, an t-ús ar infheistíochtaí agus aon tuilleamh eile orthu, agus aon tuilleamh eile.
3. Beidh straitéis infheistíochta stuama agus sábháilte ag an mBord dá bhforáiltear sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun mhír 4 den Airteagal seo, agus déanfaidh sé na méideanna a theachtann CRA agus CÁT a infheistiú in oibleagáidí de chuid na mBallstát nó in eagraíochtaí idir-rialtasacha, nó i sócmhainní fíorleachtacha a mbaineann ardacmhainneacht creidmheasa leo, agus an gníomh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 mar aon le forálacha ábhartha eile den Rialachán sin á gcur san áireamh. Déanfar infheistíochtaí a éagsúlú de réir earnála, áite agus comhréireachta. Chun sochair CRA agus CÁT faoi seach a rachaidh toradh na n-infheistíochtaí sin.
4. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh maidir leis na rialacha mionsonraithe a bhaineann le CRA agus CÁT a riar, agus leis na prionsabail agus na critéir ghinearálta dá straitéis infheistíochta, i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 93.’;
37. █
38. in Airteagal 81(4), Airteagal 83(2) agus (3), Airteagal 87(4), Airteagal 88(2) agus (6) i dTeideal VI de Chuid III, cuirtear na focail ‘údarás réitigh náisiúnta, SRT rannpháirteach nó údaráis ainmnithe i gcás inarb iomchuí’ in ionad ‘údarás réitigh náisiúnta’ agus cuirtear na focail ‘údaráis réitigh náisiúnta, SRTanna rannpháirteacha nó údaráis ainmnithe i gcás inarb ábhartha’ in ionad ‘údaráis réitigh náisiúnta’;
39. Leasaítear Airteagal 93 mar a leanas:
 - (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Déanfar tarmlighean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 19(8), Airteagal 65(5), Airteagal 69(5), Airteagal 71(3), Airteagal 74b(5), Airteagal 74c(5), Airteagal 74d(4) agus Airteagal 75(4) a thabhairt ar feadh tréimhse neamhchinntithe amhail ó na dátaí ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 99.’;
 - (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 19(8), Airteagal 65(5), Airteagal 69(5), Airteagal 71(3), Airteagal 74b(5), Airteagal 74c(5), Airteagal 74d(4) agus Airteagal 75(4) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh Cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

"6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 19(8), Airteagal 65(5), Airteagal 69(5), Airteagal 71(3), Airteagal 74b(5), Airteagal 74c(5), Airteagal 74d(4) agus Airteagal 75(4) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse trí mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú trí mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.’;

39a. in Airteagal 94, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘4. Faoi 31 Nollaig bliain amháin tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar fheidhmiú SEÁT I. Leis an athbhreithniú seo déanfar measúnú ar na nithe seo a leanas go háirithe:

- (a) leordhóthanacht an tsásra cistiúcháin agus spriocleibhéal SEÁT I agus na cásanna ina n-úsáidtear an sásra leachtachta;**
- (b) raon feidhme na mbeart arna maoiniú ag SEÁT I faoi Airteagal 41a agus na heintitis dá dtagraítear in Airteagal 2(2), pointe (b);**
- (c) oiriúnacht leathnú SEÁT I maidir le tacaíocht leachtachta a sholáthar do shásraí árachais taiscí.**
- (d) oiriúnacht sásra cúlstop arna chistiú go poiblí nó CÁT a thabhairt isteach. Tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle. I gcás inarb iomchuí, beidh togra reachtach ag gabháil leis an athbhreithniú sin.**

40. in Airteagal 99, cuirtear mír 5a isteach mar a leanas:

‘5a. De mhaolú ar mhír 2, beidh feidhm ag Airteagal 1(2), ag Cuid IIa agus Cuid III, Teideal V, Caibidil 2, Roinn 1a ó cheann amháin de na dátaí seo a leanas, cibé acu is déanaí:

- a) dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo;**
- b) dáta theacht i bhfeidhm na Treorach maidir le sásra um fhorfheidhmiú comhthaobhachta seachbhreithiúnach luathaithe (AECE);**
- c) dáta críochnaithe an athbhreithnithe spriocdhírthe ar Cháilíocht Sócmhainní ar na hinstiitúidí uile nach bhfuil chomh suntasach dá dtagraítear in Airteagal 6(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannais Eorpach maidir le beartais a bhaineann leis an maoirseacht stuamachta ar instiitúidí creidmheasa.**

41. aon áit a bhfuil ‘an Ciste’ i Rialachán (AE) Uimh. 806/2014, cuirtear ‘CRA’ ina ionad.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán